

11  
12

Comhairle Contae Dhún na nGall  
Tuarascáil Bhliantúil



Comhairle Contae  
Dhún na nGall  
Donegal County Council



Réamhrá	2
Léarscáil Toghchánach 2011/12	3
Comhaltaí Tofa 2011	5
Comhaltaí Tofa 2012	6
An Stiúrthóireacht Tithíochta agus Corparáide	7
An Stiúrthóireacht Bóithre agus Iompair	18
Stiúrthóireacht Pobail, Cultúir & Pleanála	24
An Stiúrthóireacht Uisce agus Timpeallachta	34
An Stiúrthóireacht Airgeadais agus Seirbhísí Éigeandála	42
Onóracha Cathartha	47
Coistí	50
Léiritheoirí Seirbhíse	67



# Réamhrá

Is áisúsáideachiad Turascálacha Bliantúla le taifead a dhéanamh, don am iláthair agus don todhchaí, ar narudaí atá bainteamach ag an údarás áitiúil agus narudaí a dhéanann siad ó bhliain go bliain.

Is comhthuarascáil tuarascáil seo do na blianta féilire 2011 agus 2012, blianta a bhí dúshlánach go leor ag Comhairle Contae Dhúnnan Gall. Cé go raibh laghdúsuntasa-charáiseannanáisiúnta agus áiseanna áitiúla, lean an chomhairle léi ag cur réimse leath-anseirbhísí ar fáil, ag cur tús le tionscnaimh achruthaigh éifeachtúlachta in mheánacha. Táimid buíoch don fhoireann dhúthrachtach a thug tús áite don phobal rith an ama.

Ag baint lán úsáide as teicneolaíocht nua, thug an Chomhairle isteach áiseanna nua ar líne a thug deis don phobal teagmháil a dhéanamh leis an Chomhairle tríd an Ghréasán, trí Aipeanna Fón Clistenóirí theachtaireachtaí SMS. Cuireadh gicrích mór-uasghrádú ar an ghréasán teileachumarsáidenuair a cuireadh bhfeidhm réiteachardluaisnáithín do gach Lárionad Seirbhísí Poiblí. Arna forbairt eile, tá córas nua ann do bhainistiú conarthaí rátaí uiscetráchtála, Córas-Gearáin Comhshaoil nua agus córas nua Deontais-Tithíochta. Bhain an chomhairle tuilleadh úsáide as na meáin shóisialta, sheol siad gréasán nua leabharlainn [www.donegallibrary.ie](http://www.donegallibrary.ie) agus baiadsan an chéad údarás áitiúil satír a bhunaigh suíomh tionscanta le cuidiú le húsáideoirí bóthair mionna an gheimhridh [www.donegalwinterweather.ie](http://www.donegalwinterweather.ie)

Sna forbairtí capítíl, cé gurlaghdáid ó bhliantaroimhe sin, osclaíodh Bóthar Pháirc Thionsclaíoch na gCealla Beaga agus Leabharlann Phobail Ghaoth Dobhair, chomhaith le tionscadaile eile.

Síostríd an tuarascáil feicfidh tú an iomadsamplaí éagsúlaid fheabhsúcháin ar sheirbhísí agus áiseanna, dóigheanna nua oibre, agus deiseanna arglacadh leao, tharna Stiúrthóireachtaí uilig. Molaimid duit an tuarascáil iomlán a léamh agus coinneáil ort ag obair linn agus i gcomhpháirtíocht le comhghleacaithe, le pobail, le gníomhaireachtaí, le rannairialtais agus le gach roinn ábhartha lenachinntiú go leanfar le forbairt naitíre.


Táimid faoi chomaoine agus nabaill agus an fhoireann as a gcuid oibre agus ag nabaill foirne a chuidigh leis an tuarascáil bhliantúil seo a chur le chéile.

Ant Uas. Séamus Mac an Fhile  
Bainisteoir Contae Dhúnnan Gall

Clr. Cora Ní Airmhí  
Méara Contae Dhúnnan Gall  
2010/2011

Clr. Nollaig Mac Giolla Bhríde  
Méara Contae Dhúnnan Gall  
2011/2012

# Léarscáil Toghchánach 2011/12



# Comhaltaí Tofa

## Council Members 2009-2010

---

### Mayor

Cllr. Brendan Byrne (June 09- June 10)

### Deputy Mayor

Cllr. Charlie Mc Conalogue (June 09 – June 10)

### Donegal Electoral Area Committee (5)

- Cllr. John Boyle
- Cllr. Brendan Byrne
- Cllr. Sean McEniff
- Cllr. Barry O' Neill
- Cllr. Thomas Pringle

### Glenties Electoral Area Committee (5)

- Cllr. David Alcorn
- Cllr. Pádraig Doherty
- Cllr. Marie T. Gallagher
- Cllr. Seamus O' Domhnaill
- Cllr. Terence Slowey

### Inishowen Electoral Area Committee (7)

- Cllr. Mickey Doherty
- Cllr. Rena Donaghey
- Cllr. Martin Farren
- Cllr. Clr. Pádraig Mac Lochlainn
- Cllr. Charlie Mc Conalogue
- Cllr. Bernard McGuinness
- Cllr. John Ryan

### Letterkenny Electoral Area Committee (7)

- Cllr. Liam Blaney
- Cllr. Ciaran Brogan
- Cllr. Jimmy Harte
- Cllr. Dessie Larkin
- Cllr. Noel Mc Bride
- Cllr. Ian Mc Garvey
- Cllr. Mick Quinn

### Stranorlar Electoral Area Committee (5)

- Cllr. Gerry Crawford
- Cllr. Martin Harley
- Cllr. Cora Harvey
- Cllr. Frank Mc Brearty
- Cllr. Patrick McGowan

## Council Members 2010-2011

---

### Mayor

- Cllr Cora Harvey (June 10 – June 11)

### Deputy Mayor

- Cllr. Clr Pádraig Mac Lochlainn (June 10 – February 11)
- Cllr Marie Therese Gallagher (March 11- June 11)

### Donegal Electoral Area Committee (5)

- Cllr. John Boyle
- Cllr. Brendan Byrne
- Cllr. Sean McEniff
- Cllr. Barry O' Neill
- Cllr. John Campbell replaced Clr.Thomas Pringle (21/03/11)

### Glenties Electoral Area Committee (5)

- Cllr. David Alcorn
- Cllr. Pádraig Doherty
- Cllr. Marie T. Gallagher
- Cllr. Seamus O' Domhnaill
- Cllr. Terence Slowey

### Inishowen Electoral Area Committee (7)

- Cllr. Mickey Doherty
- Cllr. Rena Donaghey
- Cllr. Martin Farren
- Cllr.Jack Murray replaced Clr. Pádraig Mac Lochlainn (21/03/11)
- Cllr.Paul Canning replaced Clr. Charlie Mc Conalogue (21/03/11)
- Cllr. Bernard McGuinness
- Cllr. John Ryan

### Letterkenny Electoral Area Committee (7)

- Cllr. Liam Blaney
- Cllr. Ciaran Brogan

- Cllr. Jimmy Harte
- Cllr. Dessie Larkin
- Cllr. Noel Mc Bride
- Cllr. Ian Mc Garvey
- Cllr. Mick Quinn

### Stranorlar Electoral Area Committee (5)

- Cllr. Gerry Crawford
- Cllr. Martin Harley
- Cllr. Cora Harvey
- Cllr. Frank Mc Brearty
- Cllr. Patrick McGowan

## Council Members 2011-2012

---

### Mayor

- Cllr. N. Mc Bride (June 11 – June 12)

### Deputy Mayor

- Cllr. Barry O' Neill (June 11 – June 12)

### Donegal Electoral Area Committee (5)

- Cllr. John Boyle
- Cllr. Brendan Byrne
- Cllr. Sean McEniff
- Cllr. Barry O' Neill
- Cllr. John Campbell

### Glenties Electoral Area Committee (5)

- Cllr. David Alcorn
- Cllr. Pádraig Doherty
- Cllr. Marie T. Gallagher
- Cllr. Seamus O' Domhnaill
- Cllr. Terence Slowey

### Inishowen Electoral Area Committee (7)

- Cllr. Mickey Doherty
- Cllr. Rena Donaghey
- Cllr. Martin Farren

- Cllr. Jack Murray
- Cllr. Paul Canning
- Cllr. Bernard McGuinness
- Cllr. John Ryan

#### **Letterkenny Electoral Area Committee (7)**

- Cllr. Liam Blaney
- Cllr. Ciaran Brogan
- Cllr. Michael Mc Bride replaced Clr. Jimmy Harte. (30/05/11)
- Cllr. Dessie Larkin
- Cllr. Noel Mc Bride
- Cllr. Ian Mc Garvey
- Cllr. Mick Quinn

#### **Stranorlar Electoral Area Committee (5)**

- Cllr. Gerry Crawford
- Cllr. Martin Harley
- Cllr. Cora Harvey
- Cllr. Frank Mc Brearty
- Cllr. Patrick McGowan

## **Council Members 2012-2013**

---

#### **Mayor**

- Cllr. Frank Mc Brearty (June 12 – June 13)

#### **Deputy Mayor**

- Cllr. Martin Farren (June 12 – June 13)

#### **Donegal Electoral Area Committee (5)**

- Cllr. John Boyle
- Cllr. Brendan Byrne
- Cllr. Sean McEniff
- Cllr. Barry O' Neill
- Cllr. John Campbell

#### **Glenties Electoral Area Committee (5)**

- Cllr. David Alcorn
- Cllr. Pádraig Doherty
- Cllr. Marie T. Gallagher
- Cllr. Seamus O' Domhnaill
- Cllr. Terence Slowey

#### **Inishowen Electoral Area Committee (7)**

- Cllr. Mickey Doherty
- Cllr. Rena Donaghey
- Cllr. Martin Farren
- Cllr. Jack Murray
- Cllr. Paul Canning
- Cllr. Bernard McGuinness
- Cllr. John Ryan

#### **Letterkenny Electoral Area Committee (7)**

- Cllr. Liam Blaney
- Cllr. Ciaran Brogan
- Cllr. Michael Mc Bride
- Cllr. Dessie Larkin
- Cllr. Noel Mc Bride
- Cllr. Ian Mc Garvey
- Cllr. Mick Quinn

#### **Stranorlar Electoral Area Committee (5)**

- Cllr. Gerry Crawford
- Cllr. Martin Harley
- Cllr. Cora Harvey
- Cllr. Frank Mc Brearty
- Cllr. Patrick McGowan

# An Stiúrthóireacht Tithíochta agus Corparáide





## Riachtanas Tithíochta

Ag deireadh 2011 bhí 2,530 liostaithe mar dhaoine a raibh tithíocht shóisialta de dhíth orthu i gContae Dhún na nGall, agus sa bhliain 2012 is 2,631 duine a bhí liostaithe. Sa bhreis air seo, bhí líon suntasach daoine ann a bhí i gcóiríocht phríobháideach ar cíos agus iad ag fáil liúntas cíosa le breis agus ocht mí dhéag. Ós rud é go n-íoctar liúntas cíosa leo siúd a mheastar gan a bheith in ann íoc as costas cóiríochta óna gcuid acmhainní féin, meastar fosta riachtanas tithíochta a bheith acu. Is é an riachtanas foriomlán ag deireadh 2012, nuair a chuirtear san áireamh daoine atá ag fáil liúntas cíosa le breis agus ocht mí dhéag, ná thart fá 3,560 duine.

## Leithdháiltí

Leithdháileadh 245 teaghais san iomlán le linn 2011, agus 248 le linn 2012, idir theachíní tuaithe, tithe scéime, ceannacháin aonair agus corrfholúntais.

## An Scéim Um Chóiríocht Ar Cíos (ScC)

Tá leagtha amach sa tábla seo a leanas líon na ndaoine a fuair tithíocht sna blianta 2011 agus 2012 faoin scéim um chóiríochta ar cíos.

	Daoine a aistríodh chuig an SCC (Cóiríocht Dheonach)	Líonta tí a aistríodh chuig an SCC (An Earnáil um Chíos Príobháideach)	Líon carnach na n-aistrithe ag deireadh na bliana (Cóiríocht Dheonach)	Líon carnach na n-aistrithe ag deireadh na bliana (Cíos Príobháideach)
2011	55	83	270	277
2012	37	73	307	350

Lena chois, tugadh athchóiríocht do 241 duine breise incháilithe (139 in 2011 agus 102 in 2012), a bhí ag fáil liúntas cíosa, faoin chlár traidisiúnta do thithíocht shóisialta, rud a chiallaigh gur tugadh cóiríocht do líon iomlán de 1,376 duine faoin cheann-teideal seo ó tosaíodh an scéim.

## Clár Léasú Fadtéarmach

Tá an Chomhairle ag oibriú Chlár Léasú Fadtéarmach ina ndéantar comhaontaithe le húinéirí maoin le tithe/arásáin oiriúnacha a sholáthar ar léas d'iarratasóirí tithíochta a íocann cíos gach seachtain bunaithe ar an Scéim Cíosanna Dífreálacha. San am i láthair is léas 10 mbliana atá á thairiscint. Leithdháileadh 24 aonad cónaithe faoin chlár seo in 2011 agus 35 in 2012, agus 12 aonad cónaithe eile leithdháilte ag Comhlachtaí Deonacha.

## Tithíocht Dheonach

Tá an clár tithíochta deonaí ag moilliú ar aon dul le clár traidisiúnta tógála na Comhairle. Rinneadh maoin a shealbhú/ a athchóiriú i mBun an Phobail in 2012.

Chan ionann agus an mheicníocht thraidisiúnta le maoiniú do Scéimeanna Deonacha i gcoitinne tá teacht ag Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta ar mhaoiniú, faoin Áis Léasaithe Airleacain Chaipitil, chun cuidiú leo teacht ar airgead príobháideach nó airgead ón Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe (GAT) le haonaid a cheannach, nó i roinnt cásanna, a thógáil, aonaid a chuirfear ar fáil ina dhiaidh sin le haghaidh tithíocht shóisialta faoin Tionscnamh um Léasú



Tithíochta Sóisialta. Is mar thogra léasaithe amháin atá an áis seo ar fáil, ina ndéanann an Comhlacht Ceadaithe Tithíochta na haonaid a chur ar fáil d'iaratasóirí ceadaithe tithíochta faoi chomhaontú iocaíochta agus fála leis an údarás tithíochta. Cuireadh 12 aonad ar fáil faoin socrú seo in 2012, agus tá roinnt eile á meas san am i láthair.

## Cothabháil

Seo a leanas an briseadh síos ar thithe na Comhairle ar cíos ag deireadh na mblianta 2011 agus 2012:

Bliain	Líon na nEastát	Líon na dTithe in eastáit	Tithe Aonair (Cás ar Leith agus ceannacháin aonair laistigh d'eastáit)	Líon iomlán na dTithe ag deireadh na bliana
2011	214	2826	746	3572
2012	222	3034	770	3804

San iomlán, caitheadh €2,581m in 2011 agus €1,758m in 2012 ar ghnáthchothabháil agus/nó ar chorrhfolúntais.

Soláthraíodh €400,000 eile in 2011 agus €72,000 in 2012 ar chláracha éagsúla uasghrádaithe agus athchóirithe eile.

## Oibreacha Feabhsúcháin / Eastáit I Ndrochstaid

Rinneadh feabhsúcháin ar 118 aonad.

## Bainistiú Eastáit

€53,700 a cuireadh ar fáil in 2011, agus €42,000 in 2012, fá choinne tograí um bainistiú eastáit.

## Scéim Phíolótach Cheantar-Bhunaithe An Úfié

---

D'éirigh le Comhairle Contae Dhún na nGall maoiniú a fháil faoi Scéim Phíolótach Cheantar-Bhunaithe an ÚfiÉ, a osclaíodh den chéad uair in 2012 agus a chuir maoiniú ar fáil chun feabhsúcháin éifeachtúlachta fuinnimh a dhéanamh do theaghlaigh ar theacht isteach íseal i gceantracha CLAR. Bhí ar an togra comhpháirtíocht nuálach a chruthú idir an tseirbhís phoiblí, an earnáil phríobháideach agus an pobal le hiarfheistiú domhain a dhéanamh i meascán de thithe faoi úinéireacht phoiblí agus príobháideach, agus a tógadh roimh 2002. Rinne an Chomhairle, i gcomhar lena bpáirtnéirí 'Fuinneadh Cliste' agus 'Fuinneamh Iarfheistithe Éireann Teo', córais téimh lárnaigh a uasghrádú, grianphainéil a chur isteach agus insliú áiléir a uasghrádú in 20 teach i mBun an Phobail, a raibh de thoradh air go ndearnadh sábháiltí suntasacha fuinnimh trí fheabhsúcháin teastais BER.

## Úinéireacht Tí A Chur Chun Cinn

---

- I measc na scéimeanna iasachta atá á n-oibriú ag an Chomhairle tá:
- Iasacht Cheannaigh / Tógála
- Iasacht Cheannaigh Tí le haghaidh Tionóntaí
- Iasacht Atógála

Meastar gach iasacht anois de réir Beartais Chreidmheasa atá á fheidhmiú againn de dhroim na rialachán leasaithe a tugadh isteach in 2009.

## Scéim Cheannaigh Tionónta

---

Ba é an dáta druidte le hiarratais a fháil faoin Scéim Cheannaigh Tionónta 1995 ná an 31 Nollaig 2012, agus caithfear díolacháin a bheith curtha i gcrích roimh an 31 Nollaig 2013.

I gcomhthráth le deireadh Scéim 1995, tá fógartha ag an Aire do Thithíocht agus Athnuachan Uirbeach go bhfuil sé de rún reachtaíocht a thabhairt isteach le linn 2013 chun taca a chur faoi Scéim úr le tithe údaráis áitiúil atá ann cheana féin a dhíol le tionóntaí ar bhonn prionsabal an cheannaigh incrimintigh.

Tá an Scéim Cheannaigh Incrimintigh atá ann faoi láthair ina Scéim lascaine bunaithe ar an teacht isteach atá ag líon tí, a chuidíonn leis an Stát leas a bhaint as na brabúis ón athdhiol le linn na tréimhse d'fhiche nó de thríocha bliain ina bhfuil an teach faoi réir na scéime ceannaigh incrimintigh. Is le haonaid chónaithe úra amháin a bhaineann an Scéim, aonaid atá aitheanta go sonrach ag an Údarás Áitiúil mar aonaid atá incháilithe le ceannach faoin scéim. Nuair a bhítear ag tairiscint aonad cónaithe do thionónta, cuirtear in iúl dóibh má tá sé liostaithe faoin Scéim Cheannaigh Incrimintigh.

## Iasachtaí Tithíochta

---

Is é is cuspóir leis an bheartas i dtaca le deontais tithíochta ná freastal ar riachtanais an líon is mó daoine agus is féidir atá

- aosta nó
- a bhfuil na riachtanais is mó / is casta go cliniúil / is mó cúram feidhmiúil acu.

Is é seo a leanas líon na ndéontas a íocadh in 2011 agus 2012:

Scéim	Líon na nDéontas a íocadh 2011	Méid Íoctha 2011	Líon na nDéontas a íocadh 2012	Méid Íoctha 2012
Deontas Oiriúnaithe Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas	85	€405,898	79	€363,398
Scéim Deontas na nÁiseanna Soghluaisteachta	43	€80,523	26	€40,194
Scéim Cabhrach Tithíochta do Dhaoine Scothaosta	197	€458,891	115	€282,932
<b>Iomlán</b>	<b>325</b>	<b>€945,312</b>	<b>220</b>	<b>€686,524</b>

## Cóiríocht Don Lucht Siúil

Bhí spriocanna sa Chlár Cóiríochta don Lucht Siúil, ina gcumhdaítear an tréimhse 1 Eanáir 2009 go dtí 31 Nollaig 2013, le 7 n-aonad cóiríochta a sholáthar i rith 2011 agus 6 aonad in 2012. Freastalaíodh ar riachtanais chóiríochta 26 theaghlach de chuid an Lucht Siúil trí chineálacha éagsúla cóiríochta sa tréimhse dhá bhliain mar seo a leanas:

Cineál Cóiríochta	2011	2012
Gnáth-Scéim Tithíochta	7	4
Grúpthithíocht	-	1
Maoine an SCC	3	4
Léasú Fadtéarmach	1	2
Tithíocht Dheonach	-	3
Láithreán Stad Buan	1	-

Diúltaíodh 3 thairiscint ar Thithíocht Scéime.





## Seirbhísí Corparáideacha

### Acmhainní Daonna

---

Blianta dúshlánacha arís iad 2011 agus 2012 do Chomhairle Contae Dhún na nGall. Rinneadh laghdú de 32.6% ar líon na mball foirne, nó 405 post lán-aimseartha cóibhéiseach idir Meitheamh 2008 agus Nollaig 2012.

In ainneoin an laghdaithe shuntasáigh seo ar líon na mball foirne, lean an Chomhairle ag seachadadh réimse iomlán seirbhísí. Cuireadh tús le cúpla togra leis seo a bhaint amach, mar seo a leanas:

- Aonad úr um Bainistiú Fiach

- Ionad Teagmhála Custaiméara
- An tSeirbhís Pleanála a lárnú
- Aonad úr lárnach um Próiseáil na mBileog Ama
- Socruithe leasaithe foirne sna hIonaid Seirbhísí Poiblí.

### Leas na Foirne

---

Chuir an tSeirbhís um Leas Foirne clár cúnta fostaí ar leith ar bun, atá á sheachadadh ag soláthraí seachtrach. Soláthraíonn an clár seo rochtain gan teorainn do bhaill foirne



chuig líne chabhrach ghutháin saor in aisce, comhairleoireacht phearsanta, líne chabhrach um Thacaíocht Bhainisteora, agus comhairle agus tacaíocht dhlíthiúil, airgeadais agus tomhaltóra.

### Seirbhís Éacúiméineach Chuimhneacháin

Bhí Seirbhís Éacúiméineach Chuimhneacháin bhliantúil le haghaidh ball tofa, fostaithe agus iad siúd atá ar scor ó Údarás Áitiúla Dhún na nGall ar siúl in Eaglais Chaitliceach Naomh Muire, Srath an Urláir Dé Domhnaigh 27 Bealtaine 2012. Bhí searmanas fleascleagain ar siúl an lá dár gcionn ag an Chloch Chuimhneacháin sa Chearnóg, Leifear.

### Seirbhís Mótarchánach

Le linn 2011 agus 2012 láimhseáil Oifigí Mótarchánach Dhún na nGall 173,023 agus 160,985 idirbheart admháilte faoi seach, arb ionann agus os cionn €25.28 milliún mar theacht isteach in 2011 agus €24.64 in 2012. Seo a leanas cuntas ar na hidirbhearta:

	2011	2012
Ceadúnais Tiomána	24,468	22,963
Dioscaí Cánach	125,121	117,109
Ceadúnais um Thrádáil Mótarfheithicilí	166	142
Fáltais & Rudaí Éagsúla	23,268	20,771

Léiríonn staitisticí gur úsáid thart fá 28.83% d'úinéirí feithicle an córas athnuachana ar líne i gContae Dhún na nGall in 2012, méadú ar an fhiúir de 25.61% in 2011. Leanfaidh an Chomhairle de bheith ag cur chun cinn úsáid na seirbhíse idirlín ag [www.motortax.ie](http://www.motortax.ie).

### Sláinte agus Sábháilteacht

Leanadh le córas um bainistiú sábháilteachta Chomhairle Contae Dhún na nGall a chur i bhfeidhm agus a fheabhsú le linn 2011 & 2012.

Rinne cigirí de chuid an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta roinnt cigireachtaí le linn 2011 agus 2012. Cé gur tharraing na cigireachtaí seo aird ar réimsí áirithe ar chóir díriú orthu, níor eisíodh aon fhógra feabhsúcháin ná toirmisc.

Bhí méadú beag in 2011 ar líon na n-eachtraí a tuairiscíodh, ó 75 cinn go dtí 78 gcinn, agus ba ghá 12 acu seo a chur in iúl don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. Ina dhiaidh seo, tharla laghdú in 2012 go dtí 68 gcinn, agus ba ghá 9 gcinn acu seo a chur in iúl don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta.

### Deontais Ardoideachais a Sholáthar

Lean an Chomhairle ag cur ar fáil na Scéime um Dheontais Ardoideachais thar ceann na Roinne Oideachais agus Eolaíochta.

In 2012, fuair Comhairle Contae Dhún na nGall 869 iarratas úr ar Dheontas Ardoideachais. Bronnadh deontas ar 603 acu seo. Próiseáladh 800 iarratas athnuachana do mhic léinn, agus íocadh iad, don bhliain acadúil 2011/12.

Tugadh isteach an córas um Thacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn i mí Mheithimh 2012, a raibh de thoradh air córas láraithe chun deileáil le gach iarratas úr ar dheontas. Lean Comhairle Contae Dhún na nGall de bheith ag athnuachan nó ag athmheas na ndeontas chuig gach iarrthóir le haghaidh Deontas Ardoideachais. Sa bhliain acadúil 2012/13 phróiseáil an Chomhairle Deontais Ardoideachais le haghaidh 837 mac léinn athnuachana.

## Oiliúint & Forbairt

Lean an Chomhairle ag cur Clár Oiliúna cuimsitheach ar fáil don fhoireann ar fad, agus béim ar Shláinte agus Sábháilteacht le linn 2011 agus 2012. San áireamh leis seo, cuireadh oiliúint ar fáil do 30 ball foirne breise mar Thiománaithe Faoisimh Geimhridh. Tá sé seo i ndiaidh cur le cumas na Comhairle dul i ngleic le dúshláin chothabhála le linn an Gheimhridh.

Le linn na tréimhse seo, cuireadh oiliúint i gCosaint Leanáí, a bhí ag teacht le treoracha dea-chleachtais an FSS, cuireadh sin ar fáil do gach ball foirne lenar bhain sé.

Lean an Chomhairle ag déanamh infheistíochta i bhForbairt a cuid Ball Foirne fosta trí Scéim Oideachais na mBall Foirne, agus cuireadh tacaíocht ar fáil le haghaidh cúrsaí Dioplóma, Céime, agus Máistreachta.

Ghlac Comhairle Contae Dhún na nGall páirt sa Scéim Náisiúnta Intéirneachta, mar atá Jobbridge, agus faoi dheireadh na bliana 2012 cuireadh breis agus 100 áit intéirneachta ar fáil.

## Seirbhísí i nGaeilge

Lean an Chomhairle de bheith ag cur i bhfeidhm an Dara Scéim Teanga faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla (2010-2013). Sna Scéimeanna Teanga clúdaítear seirbhísí dátheangacha agus seirbhísí Gaeilge in go leor réimsí, ar a n-áirítear na meáin, suíomh idirlín na Comhairle, foirmeacha iarratais, seirbhísí ar an ghuthán, oiliúint foirne, srl. Eisíodh Seicliosta Gaeilge chuig gach ball foirne lena chinntiú go raibh siad eolach ar na príomh-chearta atá ag ár gcuid custaiméirí i dtaca leis an Ghaeilge, agus ar na príomh-gheallúintí atá tugtha againn, agus ar na príomhdhualgais atá orainn, mar sheirbhís phoiblí.

Lean Oifig na Gaeilge ag soláthar réimse leathan seirbhísí aistriúcháin do na rannóga uilig sa Chomhairle, lena chinntiú go bhfuil seirbhís scríofa leanúnach ar fáil don phobal ó gach rannóg.

Lean an Chomhairle de bheith ag tairiscint 34 Scoláireacht Ghaeltachta gach bliain do dhaoine óga sa chontae, agus thug tacaíocht do Sheachtain na Gaeilge trí imeachtaí a reáchtáil agus Clár Imeachtaí do Chontae Dhún na nGall a chur i gcló.

## Córais Faisnéise

### Líonraí agus Oibríochtaí

An bonneagar teicneolaíochta faisnéise atá ag Comhairle Contae Dhún na nGall, tá sé ag freastal ar 106 ionad de chuid na Comhairle ar fud an chontae.

Is é atá sa bhonneagar

- 75 Freastalaí,
- 1,213 ríomhairí deisce agus glúine, agus
- 821 clódóir/scanóir/breacaire
- 17 córas gutháin PABX agus
- 890 gléas láimhe gutháin.

Tá an bonneagar seo ina thoradh ar bhlianta fada d'infheistíocht, agus tá sé ar cheann de na Líonraí Údaráis Áitiúil is mó in Éirinn.

Cuireadh i gcrích uasghrádú mór ar an líonra teileachumarsáide in 2012 nuair a cuireadh i bhfeidhm réiteach snáithíneach ardluais chuig achán cheann de na hIonaid Seirbhísí Poiblí. Sábhálfar neart airgid mar gheall ar an líonra snáithíneach seo, chomh maith le luas níos gaiste a chinntiú.

In 2011, tugadh isteach córas úr teagmhála ar líne le go mbeadh an pobal in ann dul i dteagmháil leis an Chomhairle tríd an idirlín, trí aipeanna gutháin nó trí théacs.

Cuireadh tús le togra fíorúlaithe freastalaí in 2011. Fágann an teicneolaíocht fíorúlaithe gur féidir cuid mhór córas oibríocháin a shuiteáil ar aon fhreastalaí fisiciúil amháin. Dá bharr seo tá laghdú ar an oiread cruá-earraí atá de dhíth, agus sábháil airgid don Chomhairle mar thoradh air sin, chomh maith le laghdú ar ár long ar an timpeallacht



### Córais agus Feidhmchláracha

Cuireadh i bhfeidhm tograí éagsúla nuálacha um chórais faisnéise le linn 2011 agus 2012, mar seo a leanas:

- Tugadh isteach córas úr le teagmháilthe gnó do rátaí uisce a bhainistiú, ag úsáid MS Dynamics CRM. Ligeann an córas seo dúinn sonraí a chomhroinnt idir bhaill foirne atá ag plé le rátaí uisce gnó i rannóga éagsúla. In 2012 leathnaíodh an córas CRM níos mó chun tacú le Lár-Ionad úr Custaiméara na Comhairle.
- Cuireadh i bhfeidhm córas úr le haghaidh Gearáin Timpeallachta. Taifeadtar gearáin ó chustaiméirí, nó trí chigireachtaí pleanáilte, chomh maith le torthaí ó na himscrúduithe

agus na gníomhartha a rinneadh. Tacaíonn an córas seo le riachtanais éigeantacha tuairiscithe na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil.

- Cuireadh i bhfeidhm córas úr i leith Deontais Tithíochta le cuidiú le deontais a bhainistiú ó iarratas a dhéanamh go dtí caiteachas a aisghabháil.

### Seirbhísí ar Líne

Le linn 2011 agus 2012 leanadh den obair chun seirbhísí idirlín Chomhairle Contae Dhún na nGall a leathnú i bpríomh-réimsí oibre mar seo a leanas:



## Leabharlanna Chontae Dhún na nGall

[www.donegalibrary.ie](http://www.donegalibrary.ie)

Is áis é an suíomh idirlín seo ar a dtig le húsáideoirí amharc ar chatalóga de leabhair ar líne, ábhar a chur in áirithe, leabhair a athnuachan, agus amharc ar imeachtaí Leabharlainne.

## Líonrú Sóisialta

Tá an Chomhairle ag úsáid ardáin líonraithe shóisialta chun cumarsáid a dhéanamh lenár gcustaiméirí ar dhóigh níos éifeachtaí. I measc na n-ardán atá in úsáid tá Twitter, Facebook agus Youtube.

## Aimsir Gheimhridh Dhún na nGall

[www.donegalwinterweather.ie](http://www.donegalwinterweather.ie)

Bhí Comhairle Contae Dhún na nGall ar an chéad údarás áitiúil le suíomh idirlín ar leith a bheith acu chun aird a dhíriú ar bhealtaí griotála an gheimhridh, grianghraif leictreonacha de choinniollacha bóthair faoi láthair a thaispeáint, eolas chun dáta a chur ar fáil faoi fhoinsí taistil, agus tuairiscí faoin aimsir i gceantracha áitiúla a sholáthar chun cuidiú le húsáideoirí bóthair le linn an gheimhridh.

## Craoladh Gréasáin

Rinne an Chomhairle craoladh gréasáin ar Scoil Samhraidh Mhic an Ghoill arís i mí Iúil 2011 agus 2012. Tugadh aitheantas náisiúnta don obair nuálach seo agus gearrliostaíodh é le haghaidh gradam Ríomh-Rialtais i mí Feabhra 2011.

## ERNACT – Tograí na Sochaí Faisnéise

Mar gheall ar a rannpháirtíocht i ngréasán ERNACT ([www.ernact.ie](http://www.ernact.ie)) ó bunaíodh é in 1990, bhí an Chomhairle páirteach i réimse tograí Eorpacha agus Idir-Réigiúnacha, chomh maith le tograí trasteorann in earnáil na seirbhíse poiblí, i dtaca le teicneolaíocht na Sochaí Faisnéise. Le linn 2011 agus 2012, trí Rannóg na gCóras Faisnéise, ghlac an Chomhairle páirt in dhá thogra a fuair tacaíocht ón AE:

- **Seirbhísí Poiblí Chuar an Atlantaigh (AA-PublicServ)**

Arna chistiú ag Clár INTERREG1VB, úsáideadh an togra seo chun cur leis an líon seirbhísí ar líne a bhfuil béim ar leith acu ar chustaiméirí a bhfuil uisce méadaraithe acu, chomh maith le córais um bainistiú caidrimh chustaiméara a thabhairt isteach. I mí Mheithimh 2011, d'óstáil an Chomhairle, i gcomhpháirt le hERNACT agus CoLab na hInstitiúide i Leitir Ceanainn, comhdháil thrasnáisiúnta i Leitir Ceanainn mar chuid den togra seo.

- **Tionscadal Saor-ó-CO2**

D'éirigh leis an líonra ERNACT maoiniú INTERREG 4C a mhealladh don Tionscadal Saor-ó-CO2. Dhírigh an tionscadal seo ar chomhoibriú TFC chun fuinnimh inathnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh a chothú trí dhea-chleachtais a aistriú ó réigiúin éagsúla laistigh den AE. Tá glactha i nDún na nGall le clár monatóireachta i dtaca le héifeachtúlacht fuinnimh d'fhoirgnimh de chuid na Comhairle. I mí Mheán Fómhair 2012, d'óstáil an Chomhairle comhdháil mhór i mBaile Dhún na nGall ar éifeachtúlacht fuinnimh bunaithe ar TFC. Bhí aoichainteoirí ag an chomhdháil seo ó na Stáit Aontaithe, ón Ríocht Aontaithe, ón Fhionlainn agus as Éirinn chomh maith.

- **ERNACT@21**

I mí Mheán Fómhair 2012, reáchtáil na Réigiúin a thagann faoi ERNACT ócáid i bParlaimint na hEorpa sa Bhruiséil le haird a dhíriú ar an obair atá déanta thar thréimhse 21 bliana, agus leis an líonra a chur i láthair oifigigh de chuid an AE agus iad i mbun cláracha maoinithe a ullmhú. Ba í Máire Geoghegan-Quinn, Coimisinéir an AE le haghaidh Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, an príomhchainteoir ag an ócáid. Sa chur i láthair ó Chomhairle Contae Dhún na nGall díriodh ar an tábhacht atá leis an Chéad Ghlúin eile den Leathanbhanda do cheantracha tuaithe.

## Leathanbanda agus Teileachumarsáidí

Leanann an Chomhairle de bheith i mbun plé leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, agus leis na hoibreoírí éagsúla teileachumarsáide, chun aird a dhíriú ar na bearnaí atá sa tseirbhís. Bíonn an Chomhairle ag comhoibriú chomh maith le E-net ó thaobh na Líonraí Achar Cathrach (LACanna) sa chontae a bhainistiú agus a chur chun cinn.

Le linn 2012 d'fhoilsigh an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha an foilseachán an 'Next Generation Broadband Programme for Ireland – Delivering a Connected Society'. Bhí cruinniú ag an Chomhairle leis an Roinn chun béim a leagan ar an tábhacht atá leis An Chéad Ghlúin eile den Leathanbanda do cheantracha tuaithe, agus leis na bunchontúirtí atá ann do cheantracha tuaithe as a bheith fágtha in áit na leathphingine san aistriú i dtreo luasanna níos gaiste sna teileachumarsáidí.

## Oifig na Cumarsáide

In 2012 bunaíodh Oifig Chumarsáide ar leith laistigh den Chomhairle. Oibríonn an oifig seo i gcomhpháirt le Rannóga na Comhairle chun na seirbhísí atá á soláthar againn a chur chun cinn, chun cur le próifíl na Comhairle, chun feidhmiú mar chéadphointe teagmhála le haghaidh fiosrúcháin ó na meáin, agus chun uirlisí cumarsáide, idir thraidisiúnta agus ar líne, a úsáid ar dhóigh níos éifeachtaí. Tá ról beartas corparáideach ag Oifig na Cumarsáide chomh maith, ó thaobh an Plean Corparáideach a fhorbairt, chomh maith le Plean Gníomhaíochta na Comhairle um Sheirbhís do Chustaiméirí.

## Coiste Um Beartais Straitéiseacha Na Seirbhísí Tithíochta & Corparáideacha (Cbs)

Reáchtáil An CBS Tithíochta/Corparáideach deich gcruinniú le linn 2011 agus 2012, agus rinne siad athbhreithniú ar na beartais agus na nósanna imeachta maidir leis na hábhair seo a leanas:

- Cláracha Infheistíochta do Thithíocht Shóisialta

- An Lámhleabhar do Thionóntaí
- Measúnú ar Riachtanais Tithíochta
- Stoc na Tithíochta Sóisialta a fheabhsú - Beartas na Comhairle i dtaca le Córais Téite
- Ráiteas ar Bheartas Tithíochta a phlé - mar a d'eisigh an tAire Penrose ar an 16 Meitheamh, 2011
- An dóigh le plé le daoine a fuair iasacht ach a bhfuil deacrachtaí acu leis an lasacht Tithíochta a Aisíoc (Gach Institiúid Airgeadais)
- An Clár Oibre chun Tithíocht Shóisialta a Sholáthar 2012 - 2014
- Seirbhís Chustaiméara - Lár-Ionad Teagmhála Custaiméara a fhorbairt
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an Pholasáí i dtaca le Deontais Oiriúnaithe Tithíochta
- Próiseáil Ceadúnais Tiomána - Socruithe leasaithe ón 1 Eanáir 2013, ar a n-áirítear an fheidhm a aistriú chuig an Údarás um Shábháilteachta ar Bhóithre.
- Toghchóras agus Toghcháin - Athruithe sna Stáisiúin Vótaíochta
- Athbhreithniú ar an Chreatphlean do Dhaoine gan Dídean i Réigiún an Iarthuaiscirt, agus Treoirphlean Feidhmithe.
- Dréachtphlean Corparáideach go dtí 2014 a mheas

## Ballraíocht

### Comhairleoirí:

An Clr. Deasún Ó Lorcáin

An Clr. Rena Donaghey

An Clr. Liam Ó Bléanaigh

An Clr. Nollaig Mac Giolla Bhríde

An Clr. Seán Ó Baoill

An Clr. Mícheál Mac Giolla Bhríde

An Clr. Jeaic Ó Muirí

An Clr. Mary Kelly (Comhairle Baile Bhun Cranncha)

### Baill Earnála:

An tUas. John Gildea

Bn Uas. Paula Leonard

Bn Uas. Anne Wilkinson

# An Stiúrthóireacht Bóithre agus Iompair



## Bóithre Neamhnáisiúnta

Tagann maoiniú le haghaidh Bóithre Neamhnáisiúnta go príomha ón Roinn Iompair, agus soláthraítear tuairim is 13% ó acmhainní na Comhairle féin. Thar na blianta, leithdháil foinsí eile, ar nós Roinn na Gaeltachta, Clár, Interreg agus Síocháin II, maoiniú fá choinne scéimeanna ar bhóithre Neamhnáisiúnta. Mar sin féin, ní bhfuarthas aon leithdháileadh ó na foinsí seo in 2011 nó 2012 mar gheall ar shrianta ar bhuiséid. Le blianta beaga anuas, bhíodh airgead ar fáil ó tháillí forbartha le bóithre agus cosáin a fheabhsú. Ach tá siad sin laghdaithe go mór fosta mar gheall ar an mheath mhór atá tagtha ar an tionscal tógála.

Chuir an Roinn Iompair thart fá €26m ar fáil fá choinne bóithre neamhnáisiúnta do 2010, agus i gcomhréir le cúrsaí buiséid go náisiúnta laghdaíodh an méid seo go dtí €23m in 2011 agus go dtí €21.5m in 2012.

Bhí titim arís sna leithdháiltí in 2011 agus 2012 le haghaidh an Deontais do Fheabhsúcháin ar Leith (comh-mhaoinithe ag an AE), síos go dtí €1,870,000 agus €1,490,000 faoi seach. Chuir sé seo srianta móra ar chumas na Comhairle leanúint lena cláracha athailínithe agus cláracha feabhsúcháin ar chosáin ar an Ghréasán Bóithre Réigiúnacha. Cuireadh deireadh i ndáiríre leis an Scéim Feabhsúcháin Áitiúil nuair nár cuireadh aon mhaoiniú ar fáil fána coinne in 2012. Cé gur teoranta an maoiniú a bhí ar fáil rinneadh dul chun cinn suntasach, agus osclaíodh Bóthar Pháirc Thionsclaíochta na gCealla Beaga le haghaidh tráchta in 2012.

Lean Foireann Deartha na nDroichead Bóthair Neamhnáisiúnta, a bhí lonnaithe san Oifig um Dhearadh Bóithre i Leifear, lean siad orthu ag dearadh agus ag bainistiú oibreacha neartaithe agus athchóirithe ar an ghréasán neamhnáisiúnta agus cuireadh i gcrích oibreacha ar 41 dhroichead in 2011/2012. Chuir an Roinn Iompair, i gcomhar leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta, tús le clár náisiúnta iniúchta agus measúnaithe ar Dhroichid ar Bhóithre Réigiúnacha, agus fuarthas painéal Sainchomhairleoirí Speisialta leis an obair seo a dhéanamh. Cuirfear na sonraí ón chlár seo isteach in Eirspan, bunachar sonraí náisiúnta an ÚBN i dtaca le

droichid. Tá scrúdú agus measúnú déanta ar thart fá 60% de na droichid ar Bhóithre Réigiúnacha i nDún na nGall faoin chlár seo, as a bhfuiltear ag dréim go gcuirfear maoiniú suntasach tosaíochta ilbhliantúil ar fáil le haghaidh droichid ar Bhóithre Réigiúnacha a athchóiriú nó cinn úra a thógáil.

Thug an Roinn isteach Córas Bainistíochta Cosán in 2012 chomh maith fá choinne bóithre neamhnáisiúnta ar fud na tíre. Beidh de thoradh air seo go ndéanfar gach bóthar den chineál seo a scrúdú trí chritéir chomónta a úsáid agus an staid ina bhfuil siad a rátáil idir 1 - 10. Baineann rátáil 1 le drochbhail ar an bhóthar agus baineann rátáil 10 le bail an-mhaith. De bharr an bhunachair shonraí seo, beifear in ann maoiniú le haghaidh Oibreacha Athchóirithe agus Dromchlaithre ar Bhóithre a dhíriú ar na bóithre sin is mó gá seachas ar bhonn tíreolaíochta.

### Seirbhís Gheimhridh

Is é Polasaí Seirbhíse Geimhridh Chomhairle Contae Dhún na nGall i dtaca le Bóithre ná féachaint, laistigh de na hacmhainní teoranta atá ar fáil, leis na príomhbhealtaí tráchta sa Chontae a chothabháil le go mbeifí in ann taisteal orthu, ar mhaithe le cumarsáid bhóthair a choinneáil.

Is é is ciall ghinearálta leis seo go praiticiúil ná na bealtaí is tábhachtaí a ghriotáil agus a ghlanadh le céachta sneachta, bealtaí a aithnítear go soiléir roimh theacht an gheimhridh gach bliain. Is ar thiománaithe feithicle i gcónaí atá an fhreagracht is mó i dtaca le sábháilteacht ar bhóithre agus cé go ndéanfaidh an Chomhairle a seacht ndícheall na príomhbhealtaí a chothabháil ar dhóigh inar féidir taisteal orthu, caithfidh gach tiománaí a bheith cúramach agus faichilleach go leor leis na coinníollacha bóthair a chur san áireamh.

Is mór an t-iontas gur tharla dhá cheann de na sé thréimhse is fuaire riamh i nua-stair na haimsire in Éirinn laistigh den aon bhliain féilire amháin - Eanáir 2010 agus Samhain/Nollaig 2010.

Níl aon dóigh shingil ann leis an tréimhse is fuaire a shainmhíniú - bheadh ar a leithéid d'fhigiúr fad ama, achar tíreolaíoch agus "doimhneacht" an fhuachta a chur san

áireamh, ach ag glacadh san áireamh an fad ama agus an teocht bhí sé seo ar cheann de na tréimhsí aimsir gheimhridh ba mheasa in Éirinn, inchurtha leis na blianta 1933, 1947, 1963 agus 1982.

Chomh maith leis an fhuacht feanntach bhí titim mhór sneachta sa chontae agus sa chuid eile den tír, rud a d'imir tionchar mór ar gach réimse den tsochaí. Taifeadadh teochtaí rí-íslle, le -18.1 gcéim cláraithe do Chúil na gCuirridín ar an 25 Nollaig 2010 agus níor ardaíodh teochtaí i rith an lae go dtí níos mó ná -9.7 gcéim i stáisiún aimsire amháin. I ndiaidh na tréimhse fíor-dhrochaimsire i ngeimhreadh 2009/2010, socraíodh go ndéanfaidh An Roinn Iompair agus an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta clár náisiúnta a mhaoirsiú agus a bhainistiú i dtaca le salann bóthair a sholáthar, a dháileadh agus a stóráil, agus go gcinnteoidís go mbeadh stoc leordhóthanach ann, go ndéanfaí é a chothabháil agus a chur ar fáil d'údarais áitiúla fá choinne gach cothabháil gheimhridh, agus go soláthróidís le haghaidh tréimhse d'aimsir fhuar chomh holc agus chomh fada leis an cheann a tharla idir Nollaig 2009 agus Eanáir 2010.

Rinne Comhairle Contae Dhún na nGall cinneadh as a stuaim féin a cuid scioból salainn féin a stocáil go hiomlán (5000t) sa samhradh 2010. Ina ainneoin seo, de réir mar a lean an drochaimsir ar aghaidh, d'úsáid an Chomhairle a stoc iomlán, chomh maith le 2000t sa bhreis a soláthraíodh faoin chlár náisiúnta roimh 14 Nollaig (7000 tonna san iomlán). Ar mhaithe le comparáid a dhéanamh, is é 3,800 tonna an mheánmhéid

salainn a d'fhaigheadh an Chomhairle sna blianta 1998-2008. Bhí an patrún céanna idithe i gceist ar fud na tíre.

Ós rud é go raibh ganntanas soláthair salainn ar fáil don Chomhairle go náisiúnta trí an ÚBN, agus mar gheall ar easpa foinsí eile siocair dianéilimh ar fud na hEorpa, bhí ar an Chomhairle, ar an 17 Nollaig, tosaíochtaí a dhéanamh dá gnáthbhealaí agus iad a roinnt in dhá chatagóir, ceann amháin ar cuireadh salann nó salann/griothal air agus an ceann eile ar griothal amháin a cuireadh air. Leanadh leis an phróiseas ciondála seo go dtí an Bhliain Úr nuair a cuireadh lánseirbhís ar fáil arís do gach bóthar i ndiaidh go bhfuarthas salann thar thréimhse na Nollag agus na Bliana Úire.

Rinne an drochaimsir dochar suntasach do staid na mbóithre sa chontae. Tharla sioc-at ar chodanna fada de na bóithre mar gheall ar chomh domhain agus a chuaigh an sioc.

## Feasacht Sábháilteachta Bóthair

Tá sábháilteacht ar bhóithre ina thosaíocht ag an Chomhairle go fóill agus bítear ag cuidiú agus ag comhoibriú leis an ghrúpa idirghníomhaireachta, mar atá, An Mheitheal Oibre um Shábháilteacht ar Bóithre Dhún na nGall. Is uatha seo a leanas a thagann an bhallraíocht: Comhairle Contae Dhún na nGall, an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, An Garda Síochána, An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, Coiste Gairmoideachais Dhún na nGall, Seirbhís Óige



Dhún na nGall, Comhairle Óige Dhún na nGall agus Teagascóir Tiomána atá ar Chlár na dTiománaithe Ceadaithe.

Is é fócas an ghrúpa an Plean um Shábháilteacht ar Bhóithre Dhún na nGall 2010-2015 a chur i bhfeidhm faoi na cúig ghné seo a leanas: Oideachas, Innealtóireacht, Cur i bhFeidhm, Measúnacht, agus Cumasú. Tá an-tábhacht le gné an oideachais agus bíonn feachtais leanúnacha feasachta ag díriú ar 'iompraíocht mharfach', mar atá, an tiomáint ar meisce, an tiomáint róghasta, gan crios sábhála a chaitheamh agus an tuirse.

Tugadh aitheantas go náisiúnta d'iarrachtaí an tsábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú laistigh den Chontae nuair a bhronn Cumann Chomhaltai na nÚdarás Áitiúil 'Comhairle na Bliana' le haghaidh 2012 ar Chomhairle Contae Dhún na nGall as an togra suaitheanta dár gcuid, an Ródseó Sábháilteachta Bóthair Taispeánann an seó ar dhóigh iontach feiceálach cad é mar a tharlaíonn bás nó drochghortú ar na bóithre mar gheall ar an drochthiomáint le linn oíche amuigh. Tá an seó feicthe ag breis agus 12,000 duine óg le ceithre bliana anuas agus tá fíorscéalta ó na seirbhísí éigeandála agus ó dhaoine ar tharla timpistí bóthair dóibh mar chuid de. Tá an seó seo, nach gcuireann fiacal ann, mar chuid sheasmhach d'fhéilire bliana na scoileanna anois agus déantar an seó a sheachadadh i gcomhpháirt le baill den tSeirbhís Dóiteáin, an tSeirbhís Otharcharranna, Comhairligh Éigeandála agus An Garda Síochána.

Ba iad na príomhthéamaí um shábháilteacht ar bhóithre a cuireadh chun cinn i Scoileanna Náisiúnta le linn na bliana ná An Cód Sábhála, caitheamh an chreasa shábhála agus an rothaíocht shábháilte. Úsáideadh ábhair de chuid an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre, rinneadh comhthionscnamh le Cumann Sacair Chláirseacha na Finne, agus bhí comhpháirtíocht le Scoileanna Glasa An Taisce, le tacú le seachadadh na dteachtairreachtaí seo. Tá an t-aiseolas a fhaightear ó phríomhoidí scoile, ó thuismitheoirí agus ó scoláirí i gcónaí dearfach, agus is léir ón fhreastal maith agus ón rannpháirtíocht mhaith in achan cheann de na tograí sábháilteachta bóthair go bhfuil tacaíocht ann dó.

I measc na bpríomh-imeachtaí a reáchtáladh i rith na bliana, agus a raibh de spriocghrúpa

acu daoine óga nó daoine atá ar tí tosú, nó atá tosaithe amach, ar a saol tiomána, bhí; Oíche Eorpach gan Timpiste, Seachtain Sábháilteachta Bóthair in ITLC, agus Dúshlán Trasteorann do Thiománaithe Óga.

## Bóithre Náisiúnta

### Mór-Thograí Bóithre Náisiúnta

#### Nasc N14 - N15 go dtí an A5

s é atá sa scéim seo togra trasteorann chun nasc a sholáthar idir an N15 i Leifear agus Conair Iompair Iarthair an A5 (A5 WTC) atá beartaithe ar an tSraith Bán. Foilsíodh an Ráiteas Tionchair Timpeallachta agus an Ráiteas Timpeallachta ar an dá thaobh den teorainn i mí Iúil 2011. Cheadaigh An Bord Pleanála an scéim i mí na Bealtaine 2012 agus táthar ag fanacht ar chinneadh ó Thuaisceart Éireann.

#### N56 An Clochán Liath go dtí na Gleannta (Cill Riáin)

Roghnaíodh an scéim seo mar scéim phiólótach don Charrbhealach Singil nua de Chineál 3. Tá an dearadh agus an measúnú timpeallachta curtha i gcrích, chomh maith leis na ceadanna reachtúla don stráice ón Chlochbhuaile go dtí na Gleannta. Tá an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh don stráice ón Chlochán Liath go Leitir Mhic an Bhaire curtha isteach chuig An Bhord Pleanála agus beidh Éisteach ó Bhéal ar siúl go luath in 2013. Tá sé de rún an togra a thógáil i stráicí gairide agus críochnaíodh cuid mhór den obair ar an chéad 3.5km den togra seo ón Chlochbhuaile go Bá Uachtair in 2012.

#### N56 Tamhnach an tSalainn go hinbhear

Leanadh le sealbhú tailte don scéim seo le linn 2011 agus 2012. Críochnaíodh doiciméid tairisceana don chonradh tógála, ach ní raibh maoiniú ar fáil le dul ar aghaidh leis an phróiseas tairisceana. Táthar ag smaoineamh ar an togra seo a thógáil de réir a chéile, i sraith de chonarthaí níos lú.

#### N15 Droichead an tSrutháin Dhuibh

Críochnaíodh Pleanáil Cuid 8 don scéim seo in 2011. Tá sé beartaithe an togra a thógáil in



dhá chéim. Tá Ordú Ceannaigh Éigeantaigh ceadaithe le haghaidh Céim 1, agus tá na doiciméid tairisceana don chonradh tógála curtha i gcrích. Táthar ag fanacht ar dheimhniú i dtaca le maoiniú le go mbeifí dul ar aghaidh leis an phróiseas tairisceana. Tá an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh agus na doiciméid tairisceana le haghaidh Céim II curtha siar go dtí go ndeimhneofar an maoiniú.

### **N56 An Cúl Buí - Cill Mhic Réanáin**

Críochnaíodh Pleanáil Cuid 8 don scéim seo in 2012. Tá foilsíú an Ordaithe Cheannaigh Éigeantaigh curtha siar go dtí go ndeimhneofar an maoiniú. Tá na doiciméid tairisceana chóir a bheith críochnaithe ach tá dul chun cinn an phróisis tairisceana ag brath ar fhoilsíú agus ar cheadú an OCE.

### **Bainistiú Droichid**

Le linn na tréimhse 2011 agus 2012, chríochnaigh an rannóg um bainistiú droichid oibreacha riachtanacha cothabhála ar dhroichid éagsúla ar an N15 agus N56, ar a n-áirítear cosaint ó sciúradh agus deisiúcháin ar uchthballaí. Maidir le hAthchóiriú agus

Athsholáthar Droichid, cuireadh dhá scéim shuntasacha i gcrích le linn na tréimhse seo. Faoi mhí Aibreáin 2011, cuireadh mór-obair athchóirithe i gcrích ar Dhroichead Ghaoth Beara. Is é a bhí i gceist sna hoibreacha seo imthacaí creimthe a athsholáthar, deic an droichid a uiscédhíonadh, agus dromchlaí úra a chur síos. Bhí mórdheisiúcháin choincréite agus suiteáil cosaint chatóideach i gceist chomh maith. Idir mhí Dheireadh Fómhair 2011 agus mí na Bealtaine 2012, tógadh droichead úr ar an N56 ar an Bhroclais, ag glacadh áit an tseandroichid a bhí ina fhabhb mhór i dtaca le rochtain ar Chuan na gCealla Beaga. Is é a bhí i gceist sna hoibreacha seo droichead úr a thógáil agus 300m de bhóithre isteach chuige a athailíniú, chomh maith le hathailíniú a dhéanamh ar thart fá 100m den abhainn.

### **Tograí Eile**

Bhí roinnt tograí eile ann a bhí á bhforbairt do na bóithre náisiúnta i gContae Dhún na nGall, ach ní bhfuarthas maoiniú fána gcoinne ón ÚBN in 2011 ná in 2012 agus tá siad curtha ar fionraí go dtí go mbeidh maoiniú ar fáil. I measc na dtograí seo tá an N14 Leitir Ceanainn-Leifear-An Srath Bán, an N15 Seachbhóthar Bhealach Féich / Shrath an Urláir, an N13 Srath an Urláir go Doire, an N15 Leifear go Srath an Urláir / Bealach Féich, agus an N56 Bóthar Faoisimh Leitir Ceanainn (Bóthar Ceangail Bhun an Ghaoith).

### **Neartú Cosáin ar Bhóithre Náisiúnta, Oibreacha Forleagain agus Miondeisiúcháin**

Cuireadh i gcrích líon suntasach conarthaí i dtaca le hoibreacha ar chosáin agus ar dhromchlaí le linn na tréimhse 2011 agus 2012.

Caitheadh thart fá €9.5m in 2011 ar dhá cheann déag de thograí cosáin ar ghréasán bóithre náisiúnta an chontae, ar a n-áirítear roinnt conarthaí le haghaidh forleagan cosáin ar an N13, N14 agus N15. Lena chois seo, cuireadh i gcrích trí cinn de thograí forleagain ar an N56, chomh maith le mór-obair athailínithe ar an taobh ó dheas den Chraoslach i dTirlin, agus atógáil cosáin i sráidbhaile an Chraoslaigh é féin.

In 2012, bhí laghdú mór ar an leithdháileadh

ón ÚBN, €4.2m a bhí sa leithdháileadh i dtús ama. Mar sin féin, rinneadh cuid mhór oibreacha breise mar gheall ar mhéadú ar an mhaoiniú a cuireadh ar fáil ní ba mhoille sa bhliain. Breis agus €5.5m an leithdháileadh deireanach a bhí ann in 2012. Cuireadh i gcrích trí cinn de scéimeanna suntasacha forleagain cosáin ar an N15 agus N13 ar an Bhearnas Mór, i nDúnbealach agus ar an Chloch Fhionn. Lena chois sin, rinneadh dhá scéim neartaithe cosáin ar an N56, ceann acu idir Croithlí agus Dobhar agus ceann eile i nDúchoill.

Tugadh isteach soilse tráchta i Srath an Urláir ag an acomhal idir an N15 agus an N13 ag Coirnéal Mhic an Lia. Tá siad ag feidhmiú go maith agus ag cuidiú leis an trácht a rialú ag an acomhal fíorthábhachtach seo, rud a raibh géarghá leis.

### Obair i gContaetha Eile

Tá Oifig Dhún na nGall um Dhearadh Bóithre Náisiúnta agus Oifig na hIarmhí um Dhearadh Bóithre Náisiúnta chun tosaigh i soláthar tograí bóithre náisiúnta do na contaetha i réigiún an Iarthuaiscirt agus na Teorann, agus tá oibreacha breise speisialta á déanamh go náisiúnta. Tá an oifig á forbairt mar lárionad barr feabhais i dtaca le hinnealtóireacht, bainistiú tograí agus próiseas soláthair, ar a n-áirítear Dearadh Bóithre, Tógáil Bóithre, Bainistiú Tograí, Sábháilteacht ar Bhóithre, Iniúchtaí Sábháilteachta, Ailtireacht, Bainistiú Droichid agus Comharthaíocht agus Líníocht. Táthar ag dréim go mbeidh méadú ar an chineál seo oibre sna blianta amach romhainn.

### An Coiste Um Beartais Straitéiseacha Do Bhóithre Agus Iompar (Cbs)

Bhí dhá chruinniú in 2011, agus dhá chruinniú in 2012, ag an Choiste um Beartais Straitéiseacha do Bhóithre agus Iompar, agus seo a leanas na ceisteanna a rinneadh a athbhreithniú agus a phlé:

1. Cothabháil Gheimhridh
2. Leithdháiltí Deontais Bóithre
3. Tionscadal Iarnróid
4. Scéim Phiólótach um Draenáil Bóithre
5. Fodhlíthe Cuain

6. An Clár um Iniúchadh Droichead
7. Doiciméad Comhairliúcháin maidir le Rochtain chuig Bóithre Náisiúnta
8. Scáthláin Bhus a Sholáthar
9. Taisteal Cliste
10. Conair Iompair Iarthair an A5
11. Athbhreithniú ar Thrasrianta Scoile
12. Iompar Scoile ar Bus
13. Crainn Chontúirteacha
14. Athbhreithniú ar an Phróiseas chun Bóithre a Dhruidim
15. Scéimeanna Rannpháirtíochta Pobail
16. Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúla
17. Athbhreithniú ar an Phróiseas chun Bóithre a Dhruidim
18. Scéimeanna Rannpháirtíochta Pobail
19. Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúla
20. Carr leictreach - BSL

Is iad seo a leanas na baill a bhí ar an Choiste um Beartais Straitéiseacha do Bhóithre agus Iompar in 2011 agus 2012:

### Comhairleoirí

An Clr. Pádraig Mac Lochlainn  
(Cathaoirleach go Márta 2011)

An Clr. Jeaic Ó Muirí  
(Cathaoirleach Márta 2011 - Eanáir 2012)

An Clr. Cora Uí Airmhí  
(Cathaoirleach Eanáir 2012 go dtí anois)

An Clr. Liam Ó Bléanaigh

An Clr. Seán Mac Connuibh

An Clr. Máirtín Ó hEaraile

An Clr. Mickey Doherty

An Clr. Pádraig Ó Dochartaigh

An Clr. Máirtín Ó Fearáin

An Clr. Gearóid Mac Maonghail

### Earnálacha

An tUas. William Monagle

An tUas. Brian Mac Suibhne

An tUas. Stiofán Mac Cathail

An tUas. Lawrence McManus





An  
Stiúrthóireacht  
Pobail, Cultúir  
agus Pleanála

## Community, Development and Enterprise Division

### **An Rannóg Forbartha Pobail agus Fiontair**

#### ***Sparánacht Spóirt:***

Rinneadh íocaíocht le 31 iarratasóir, go dtí suim iomlán de €31,100.

#### ***An Togra um Chiste Forbartha:***

Bronnadh rud beag níos lú ná €1.2m ar 164 thogra agus ghrúpa ar fud na dtoghcheantar ar fad.

#### ***Ciste Forbartha na gComhaltaí:***

Bronnadh méid iomlán de €593,000 chun cuidiú le 598 choiste pobail / thogra ar fud an chontae.

#### ***An Ciste Forbartha Turasóireachta:***

Thacaigh an Ciste Forbartha Turasóireachta le tograí éagsúla, ar a n-áirítear post an Oifigigh um Acmhainní Áitiúla agus Turasóireacht Dhún na nGall Teoranta.

#### ***Plean Gníomhaíochta Peace III Dhún na nGall 2011-2013:***

Bhronn an FCSAE maoiniú de €4,737,600 ar an Chomhairle Contae mar Phríomhpháirtneir ar Chomhpháirtíocht Síochána agus Athmhuintearais BFC Dhún na nGall, le Céim II de Plean Gníomhaíochta Peace II Dhún na nGall 2011-2013 a chur i bhfeidhm. Tacaíodh le 45 thogra trí scéim deontais, trí sholáthar agus trí sheachadadh comhpháirtithe.

#### ***Meas ar Phobail & Pobail a Nascadh:***

Bhí an Togra um Meas ar Phobail agus Pobail a Nascadh i mbun obair straitéiseach ar fud an chontae le caidrimh dhearfacha a thógáil idir pobal an Lucht Siúil agus an pobal buanchónaithe.

#### ***An Togra um Chomhtháthú Sóisialta i Sráidbhailte na Teorann:***

Bhí an Chomhairle Contae agus Comhpháirtíocht Forbartha Inis Eoghain páirteach sa togra seo, a mheall cónaitheoirí

úra chun páirt ghníomhach a ghlacadh i saol an phobail trí, mar shampla, gairdíní pobail a fhorbairt agus trí ócáidí ceiliúrtha pobail.

#### ***Port Na Fáilte:***

Bhí breis agus 300 togra ann ag tacú leis an ilchultúrthacht agus le cuimsiú sóisialta i gcás grúpaí eitneacha/cultúrtha, cearta daonna agus comhionannas, agus ag dul i ngleic leis an chiníochas/seicteachas, agus ag dul i ngleic leis an mhíbhuntáiste agus an leithcheal.

#### ***An Togra d'Aon Dún na nGall Amháin:***

Reáchtáladh roinnt imeachtaí aon-uaire ar fud an Chontae chun fáilte a chur roimh an Éagsúlacht agus í a cheiliúradh. Mar chuid de seo, glacadh páirt i bParáid na Féile Pádraig i Leitir Ceanainn in 2011, agus cuireadh seastán ar fáil ag an ócáid bhliantúil i Ros Neamhlach mar chuid d'imeachtaí an Dara Lá Déag d'Íuil in 2011.

#### ***Togra Lámha na Staire:***

Seoladh an togra seo ar an 6 Nollaig 2012 agus cuirfidh sé clár nuálach ar fáil ina ndéanfar scrúdú ar an dóigh a mbímid ag cuimhneamh ar eachtraí móra stairiúla dár gcuid.

#### ***Tionscadal Phaiteagó / Thulaigh Uí Thiomáin / An Tearnainn faoi PEACE III:***

Infheistíocht €8.4m i bhfeabhsúcháin timpeallachta agus in uasghrádú áiseanna pobail.

#### ***An Togra Athmhuintearais Cois Abhann (CIÉ):***

Maoiniú de €1m chun clár rannpháirtíochta óige agus pobail a sheachadadh i gceantracha Leifir agus an tSratha Báin.

#### ***Maoiniú Interreg IVA***

Lean an Chomhairle de bheith ag baint tairbhe mhór as an mhaoiniú faoi chlár Interreg IVA, ag obair le comhpháirtithe trasteorann agus as Albain ar thograí ar nós turasóireacht mhuirí, an timpeallacht, forbairt pobail, athnuachan uirbeach agus sráidbhailte, cultúr, forbairt táirgí turasóireachta, caithimh aimsire agus taitneamhacht, fiontraíocht pobail srl.

## Gréasáin Trasteorann

Thacaigh an Rannóg le rannpháirtíocht na Comhairle i ngréasáin ar nós: An Grúpa Trasteorann do Réigiún an Iarthuaiscirt (GTRI), an Gréasán do Cheantar Lárnach na Teorann in Éirinn (GCLTÉ), Bord Comhpháirtíochta an Iarthuaiscirt (BCI), Comhdháil na Réigiún Muirí Forimeallach (CRMF) agus Cumann na Réigiún Eorpach (CRE).

## An Bord Forbartha Contae / Forbairt Beartais Straitéisigh / Aonad an AE

### **An Bord Forbartha Contae (BFC):**

Leanann an BFC de bheith ag cur chun cinn forbairt shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíochta an Chontae. I mí na Bealtaine 2011 agus 2012 iarradh ar bhail, i gcomhar le comhpháirtithe eile ó Dhoire, An Srath Bán, Léim an Mhadaidh agus níos faide ar shiúl, chun machnamh a dhéanamh ar na deiseanna a bhí ann le haghaidh comhoibriú trasteorann.

### **Bord Comhpháirtíochta an Iarthuaiscirt (BCIT):**

Tá sé d'aidhm aige feidhmiú mar mheicníocht chun forbairt Thairseach Leitir Ceanainn / Dhoire a chur chun cinn, agus cur chuige comhordaitheach a éascú ina leith, mar atá aitheanta sa Straitéis Spáis Náisiúnta. Féachann sé le haidhmeanna Thogra Tairseigh an Iarthuaiscirt a bhaint amach fosta. I mí Feabhra 2012 rinne an BCIT cur i láthair ar na príomh-thosaíochtaí a bhí ag an réigiún do Rúnaíocht na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas. Tá tús curtha le hobair anois chun Plean Gníomhaíochta Iarthuaisceartach a ullmhú don réigiún.

### **Ríomh-Iris Pobail Dhún na nGall:**

Scaipeadh ocht n-eagrán de ríomh-iris chuig 30,000 ball den Diaspóra ar fud an domhain [www.donegalcdb.ie/publications..](http://www.donegalcdb.ie/publications..)

### **An tAonad um Beartas agus Maoiniú an AE:**

Tá sé de chuspóir ag an Aonad an oiread maoiniú seachtrach agus is féidir a aimsiú, agus i mí Iúil 2012 thaistil siad go dtí An Bhruiséil le páirt a ghlacadh i gcrúinnithe eolais faoi

dheiseanna maoinithe do na blianta 2014-2020.

## Cuimsiú Sóisialta / Forbairt Pobail / Comhairle Óige

### **Cuimsiú Sóisialta:**

Reáchtáil an tAonad um Chuimsiú Sóisialta féile seachtaine de bhreis agus seasca imeacht leis an obair atá ar siúl ar fud an chontae, chun dul i ngleic leis an imeallú sóisialta agus an bhochtaineacht, a thaispeáint agus a cheiliúradh.

### **Forbairt Pobail:**

I measc na n-imeachtaí is mó ráchairt bhí:

- Tacaíocht d'Fhóram Pobail an Chontae agus do na Fóraim Cheantair;
- An Scéim um Ghradam Mórtas Ceantair;
- An Clár um Ghnóthachtáil Sóisir Éireann

### **An Chomhairle Óige:**

Seo a leanas cuid de na tograí a rinneadh:

- An Meáchan i Málaí Scoile
- Feasacht Sábháilteachta Bóthair
- Tograí 'Lig le do Smaointe' de cuid O2

## Taighde & Beartas

Lean an tAonad T&B de bheith ag feidhmiú ina n-anailísithe ar an chuimsiú sóisialta, ag soláthar tacaíocht taighde don Oifig um Shábháilteacht ar Bhóithre, agus lean siad lena gcuid oibre ar phróifiliú eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha an chontae. Rinne an tAonad Togra Spásúil IVA an Iarthuaiscirt a bhainistiú chomh maith, togra trína gcuirfear eolas agus sonraí atá furasta a úsáid ar fáil do lucht déanta cinnithe chun cuidiú go mór le seirbhísí pleanála san Iarthuaisceart.

## TForbairt Turasoireachta / Acmhainní Náidúrtha.

Leanadh le tograí straitéiseacha turasoireachta a fhorbairt, ar a n-áirítear:

- Sliabh Liag;
- Cionn Mhálanna;
- Leibhéal na hInse;
- Tearmann Bhun an Ghaoith.



I measc na ngníomhaíochtaí a reáchtáladh mar chuid de Thogra an Diaspóra bhí: imeachtaí gréasánaithe i Londain, Baile Átha Cliath agus Bostún; tacaíocht d'imeachtaí de chuid 'Dún na nGall Beo' i mBaile Átha Cliath agus Glaschú; rannpháirteach i dTogra Gréasánaithe Iarthuaisceart na hÉireann / Bhostúin; rannpháirteach i nGradaim Ghnóthachtála Dhroichid Órga Gael-Mheiriceánacha an Irish Echo, agus suíomh idirlín a fhorbairt le haghaidh Dhiaspóra Dhún na nGall.

In 2012 seoladh an branda 'Slógadh Dhún na nGall', togra turasóireachta faoi cheannas Chomhairle Contae Dhún na nGall arb aidhm leis próifíl Dhún na nGall a ardú trí aird a tharraingt ar an réimse mór féilte cultúrtha agus imeachtaí a bhíonn ar siúl ar fud Dhún na nGall gach bliain.

### **Forbairt Fiontraíochta / Athnuachan Uirbeach agus Sráidbhailte.**

Tá ról gníomhach ag an Rannóg i bhforbairt eacnamaíochta an chontae. I measc na dtograí tá:

- Forbairt a dhéanamh ar thailte/ acmhainní a bhí ag an ÚFT;
- Tailte a léasú;
- Togra Postanna na gCealla Beaga;
- An tAonad um Thacaíocht do Ghnólachtaí;
- Tograí Straitéiseacha éagsúla.

Lean an Rannóg ag cur chun cinn an Chláir Chaipitil um Athnuachan Uirbeach agus Sráidbhailte.



## An Rannóg Seirbhísí Cultúrtha

### An tSeirbhís Leabharlainne

#### Leabharlann úr do Ghaoth Dobhair

Osclaíodh Leabharlann Phobail Ghaoth Dobhair ar an 3 Deireadh Fómhair 2011. Ba é an tAire Stáit Donnchadh Mac Fhionnlaoich T.D. a d'oscaíl an leabharlann go hoifigiúil ar an 1 Meitheamh 2012. Tá an leabharlann suite in Áislann Ghaoth Dobhair.

#### Wainfest: Féile Ealaíne agus Leabhar do Pháistí

Reáchtáladh dhá fhéile Wainfest a raibh an-ráchairt orthu in 2011 agus 2012. Cuireadh siamsaíocht ar fáil do pháistí ar fud an chontae ó údair, scéalaithe, agus ealaíontóirí, agus bhí

ceardlanna eolaíochta, ceoil agus ealaíne ar siúl i leabharlanna agus in ionaid Taobh Tíre agus san Ionad Cultúrtha Réigiúnach.

#### An tIonad Eolais 'An Eoraip go Díreach' sa Lárleabharlann.

Lean an Lárleabharlann i Leitir Ceanainn ag cinntiú go mbeadh fáil ag daoine ar shuíomhanna idirlín agus ar fhoilseacháin de chuid Choimisiún na hEorpa, agus chuir siad líne gutháin saor in aisce chuig an Choimisiún ar fáil chomh maith. Reáchtáladh réimse imeachtaí fosta chun seirbhísí an Ionaíod Eolais Eorpaigh seo, agus beartais agus téamaí de chuid na hEorpa, a chur chun cinn agus aird a tharraingt orthu.

## Bealtaine

Le linn 2011 agus 2012 d'fhreastail breis agus 2,150 duine ar chlár ilghnéitheach imeachtaí a reáchtáil na Seirbhísí Cultúrtha le haghaidh Féile na Bealtaine. I measc na n-imeachtaí bhí scéalaíocht, socrú bláthanna, an gharraíodóireacht, ag déanamh cártaí, filíocht, cniotáil, ceol agus amhránaíocht.

## Léitheoirí Fadsaoil a Chruthú

Oibríonn Leabharlann Chontae Dhún na nGall le háisíneachtaí eile, ar nós Coiste Cúram Leanai Chontae Dhún na nGall, An Coiste Gairmoideachais, an FSS agus Lifestart, chun tograí ar nós Cruthú Léitheoirí Fadsaoil a chur i bhfeidhm le go mbeadh deis ag páistí toiseacht ar an léitheoireacht go luath ina saol. Is é an smaoineamh atá taobh thiar den togra seo tuismitheoirí a spreagadh chun bheith ag léamh dá bpáistí óga ar bhonn rialta. D'oibrigh an tSeirbhís Leabharlainne le breis agus 40 rannpháirtí ó áiseanna cúram leanai a ghlac páirt sa chlár seo le linn 2011 agus 2012.

## An tSeirbhís Ealaíne

I gcomhpháirt leis an Comhairle Ealaíon, lean an Chomhairle lena deontas tacaíochta d'Amharclann an Ghrianáin agus d'Fhéile Ealaíne an Earagail. Lena chois sin, tríd an Scéim Deontais Ioncaim do Chomhpháirtíochtaí Straitéiseacha, thacaigh an Chomhairle le croí-ghréasán d'eagraíochtaí neamhspleácha ealaíne, ar fud an chontae.

Chomhordaigh an tSeirbhís Ealaíne an ról tábhachtach a bhí ag Seirbhísí Cultúrtha Chomhairle Contae Dhún na nGall sa chlár imeachtaí le haghaidh Oíche Chultúrtha Náisiúnta Leitir Ceanainn. Fuair an ócáid tacaíocht mhór ón phobal áitiúil agus ó chuariteoirí, agus bhí clúdach náisiúnta ar an ócáid sna meáin chomh maith, ó RTÉ agus TG4.

Bhí an 10ú agus an 11ú clár le haghaidh Fhéile Chuan Dhún na nGall agus na gCruach Gorm ar siúl, agus lean an fhéile ag tarraingt aird ar an chruthaitheacht i ndeisceart an chontae

## An tIonad Cultúrtha Réigiúnach

Bhí clár gnóitheach de thaispeántais, de scannáin, de cheol agus d'imeachtaí

pobail ar siúl ag an Ionad in 2011 agus 2012, i gcomhpháirt le réimse leathan eagraíochtaí áitiúla agus náisiúnta. I measc na mórthaispeántas in 2011 bhí 'Destination Donegal' arna mhaoiniú ag Peace III, 'Altered Images' i gcomhar le IMMA a raibh de sprioc aige suim a spreagadh sna healaíona i measc daoine faoi mhíchumas, an togra scannán trasteorann 'Sharing Stories' agus 'A Space for Learning' a bhí á choimeád ag Fondúireacht Ailtireachta na hÉireann

Rinne an tIonad a chúigiú bliain ar an fhód a cheiliúradh in 2012 le clár ar a raibh 'Taispeántas an Chúigiú Breithlá', a raibh saothair ealaíne ann a bhain le Dún na nGall. I measc roinnt taispeántas tábhachtach eile bhí 'Ground Zero 360' mórthaispeántas grianghrafadóireachta fá dtaobh de 9/11, agus 'Fiddle Case' mar chuid de Chomhdháil Fidléireachta an Atlantaigh Thuaidh i nDoire agus i nDún na nGall, ar éirigh thar barr leis.

## Iarsmalann Chontae Dhún Na Ngall

D'oibrigh an Iarsmalann le heagraíochtaí agus le grúpaí chun sraith de thaispeántais a reáchtáil, ar a n-áirítear An Dóigh a gCuimhnimid, Saol Eile - Teach na nGealt i gCeantar Dhún na nGall, CUILTEANNA ar Imeachtaí na Bliana, agus Cúnant Uladh 1912. Thug an Iarsmalann an stair chun beatha ar shráideanna Leitir Ceanainn lena cuid siúlóidí, thug siad an tSeandálaíocht isteach sa Seomra Ranga lena bhosca iasachta, reáchtáil siad dhá Scoil Scairte, agus scrúdaigh siad Deich mBliana de Chomórthaí tríd an togra trasteorann 'Plandáil go Críochdheighilt'. D'óstáil an Iarsmalann imeachtaí i Leitir Ceanainn agus ar fud an Chontae le linn Fhéile na Bealtaine, Seachtain na hOidhreachta, Oíche Chultúrtha, Wainfest agus Mí an Aon Dún na nGall Amháin.

## An tSeirbhís Chartlainne

In 2011 d'fhoilsigh an tSeirbhís Chartlainne paca staidéir de dhoiciméid ar stair Phlandáil Uladh. Scaipeadh ar fud na scoileanna sa chontae é, chomh maith le Tuaisceart Éireann.

In 2012, an bhliain a bhain Dún na nGall Craobhchomórtas Sinsear na hÉireann sa Pheil don dara huair, d'fhoilsigh Seirbhís Chartlainne Dhún na nGall leabhrán léirithe ar stair agus ar chartlann CLG i nDún na nGall. Cuireadh fearadh na fáilte roimh Chorn Shomhairle Mhig Uidhir ag an seoladh.

I measc na n-imeachtaí bhí seisiúin chuimhní cinn ag ionaid lae le linn Fhéile na Bealtaine agus taispeántas cartlainne le linn na Seachtaine Oidhreachta i Leabharlann Bhealach Féich.

Bhí taispeántas ar stair an CLG i nDún na nGall agus ar na hlarnróid i measc na dtaispeántas ar bhí ar siúl sa Chartlann.




## Oifig Oidhreachta Chontae Dhún Na Ngall

Is é a dhéanann Oifig Oidhreachta Dhún na nGall feasacht a ardú, comhairle a chur, beartas a mholadh, dea-chleachtas a chur chun cinn, agus eolas agus sonraí a bhailiú i dtaca le hoidhreacht an chontae. Lean an tSeachtain Oidhreachta i gContae Dhún na nGall ag fás léi agus d'éirigh thar barr léi. I measc bhuaicphointí na bliana in 2011 ó Phlean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall bhí seoladh an leabhráin 'Oidhreacht Feirmeoireachta Dhún na nGall', iniúchadh

ar bhailiúcháin de ghrianghraif stairiúla, suirbhéanna ar chineálacha ballaí cloiche singile agus suíomhanna buailteachais, seimineár ar reiligí stairiúla agus colún oidhreachta sa nuachtán gach mí, agus in 2012 bhí seimineáir mhóréilimh ar an ailtireacht dhúchasach agus 'An Oidhreacht sna Bailte Slachtmhara', taispeántas ar oidhreacht na mara agus suirbhé ar thuibreacha beannaithe.

\* Tá eolas breise ar chlár oibre na Seirbhísí Cultúrtha agus a bhfuil curtha i gcrích acu in 2011 agus 2012 ar fáil sna tuarascálacha bliantúla do na Seirbhísí Cultúrtha.



# Pleanáil

## Bainistiú Forbraíochta

Le linn 2011/2012 bhí forbairtí suntasacha ar an dóigh a gcuirtear an tseirbhís ar fáil, trí Bainistiú Forbraíochta a lárnú agus trí feidhmeanna i dtaca le Rialú Tógála a thabhairt isteach sa Rannóg. Tá freagrachtaí úra mar a bhaineann le S261A (Cairéil) agus Forbairtí Tithíochta Neamhchríochnaithe i ndiaidh a bheith ionchorpraithe isteach sna cláracha oibre agus tá an réimse feidhmeanna á n-eagrú ar dhóigh chun an tseirbhís don chustaiméir, agus chun an leanúnachas

sa tseirbhís, a choinneáil. Lean an Oifig um Bainistiú Forbraíochta de bheith ag comhlíonadh dualgais reachtúla i dtaca le measúnú a dhéanamh ar iarratais phleanála, ceadúnais S.254, atreoruithe Cuid V, cuardaigh phleanála, comhairle réamhphleanála, forbairtí údaráis áitiúil, measúnuithe cairéil, forfheidhmiú, ceadúnais trádála, rialú tógála agus ceadúnais um rochtain faoi mhíchumas. Is í an Oifig um Bainistiú Forbraíochta a rinne na feidhmeanna pleanála thar ceann na gComhairlí Baile le linn na tréimhse seo chomh maith.





Cuireadh leis an tseirbhís don phobal trí chlinicí speisialta réamhphleanála agus comhairle a chur ar fáil in achan cheann de na hIonad Seirbhísí Poiblí, agus choinnigh an Oifig um Bainistiú Forbraíochta a cuid nascanna leis na Rannóga eile sa Chomhairle, le comhlachtaí réigiúnacha agus le háisíneachtaí trasteorann.

## Príomh-Réimsí Gníomhaíochta

Is iad príomhfheidhmeanna na Rannóige ná:

- An tAonad um Iarratais Forbartha
- Forfheidhmiú agus Cairéil
- Réiteach ar Fhorbairtí Tithíochta Neamhchríochnaithe
- Ranníocaíochta Forbartha a bhainistiú
- Ceadúnais Chorr-Thrádála
- Rialú Tógála

Le linn na tréimhse 2011/2012:

Fuarthas 4088 iarratas pleanála i gcomhar le roinnt iarratas éagsúil le haghaidh forbairtí

údaráis áitiúil, ceadúnais agus feidhmeanna eile;

Cuireadh isteach 857 bhFógra Tosaithe agus iarratais ar Dheimhniú Rochtana Míchumais chuig an Oifig um Rialú Tógála;

Cuireadh tús le 468 gcás úra Forfheidhmithe agus druideadh 346 chás;

Eisíodh/athnuadh 56 cheadúnas corr-thrádála de cineálacha éagsúla;

Measúnaíodh 166 chás chairéil faoi S.261A den Acht; agus

Scrúdaíodh 108 gcás d'Fhorbairtí Tithíochta Neamhchríochnaigh thar ceann na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

## An Lár-Aonad Pleanála

Cé go raibh béim ar fhorbairt straitéise agus ar chreataí polasaí in 2011/2012 chun forbairt pobail agus forbairt eacnamaíochta a threorú, leanadh le réimse tograí a chur i bhfeidhm, ina measc an oidhreacht ailtireachta, comhoibriú trasteorann, agus tacaíocht d'Fhóiraim an Bhord Forbartha Contae. Tá an tAonad ina phríomh-acmhainn le haghaidh Forbairt Eacnamaíochta, Shóisialta agus Chultúrtha i gContae Dhún na nGall, agus leanann de bheith ag obair go dlúth le rannóga eile sa Chomhairle agus le réimse de pháirtithe leasmhara seachtracha i gcur i bhfeidhm na hoibre seo ag leibhéal an chontae, an réigiúin agus trasteorann.

### Príomh-Réimsí Gníomhaíochta

Is féidir an obair a rinneadh a roinnt sna príomhréimsí seo a leanas:

- Pleananna reachtúla agus doiciméid pholasaí a sholáthar;
- Taighde agus monatóireacht i dtaca le táscairí um pleanáil spásúlachta;
- Ag dul i gcomhairle agus ag comhoibriú leis an phobal agus le páirtithe leasmhara eile nuair a bhíonn polasaithe á bhforbairt; agus
- Teagmháil le háisíneachtaí réigiúnacha agus náisiúnta.

I measc na dtorthaí a éiríonn as an chur chuige straitéiseach i dtaca le forbairt polasaí tá:

- Glacadh le Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2012-2018 (Meitheamh 2012), a dhéanann socrú le haghaidh pleanáil spásúlachta atá struchtúrtha agus bunaithe ar fhianaise.
- Tús le hAthruithe suntasacha ar na trí Chomhphlean Forbartha do Bhailte Leitir Ceanainn, Bhun Dobhráin agus Bhun Cranncha, 'Croí-Straitéisí' a thabhairt isteach sna pleananna atá ag teacht leis an Phlean Forbartha Contae.
- Tús leis an athbhreithniú reachtúil ar Phlean Forbartha Bhun Cranncha agus an Ceantar Máguaire, agus plean úr a ullmhú don cheantar.
- Anailís agus monatóireacht a dhéanamh ar an phríomh-eolas ar a mbunaítear táscairí iontaofa spásúlachta atá mar bhonn ag obair um forbairt polasaí.
- Comhoibriú le páirtithe leasmhara éagsúla chun cuidiú le tosaíochtaí na Comhairle a chur ag croílár an chláir oibre eacnamaíochta agus forbartha sa réigiún.

Lean an tAonad ag cur treoir shaineolach ar fáil i dtaca le creatlach thógtha stairiúil an Chontae a chaomhnú agus tá siad i ndiaidh tús a chur le hobair, i gcomhar le Comhairle Baile Bhun Cranncha, i dtaca lena chur chun cinn mar Lár-Ionad Forbartha, agus fios acu gur féidir leis an oidhreacht an téarnamh geilleagrach a spreagadh. Tá an tAonad gníomhach chomh maith i dTogra Postanna na gCealla Beaga, agus rinne siad ionadaíocht ar son na Comhairle ag an Chomhdháil Idirnáisiúnta ar Fhuinneamh an Aigéin ag comhdháil na bliana 2012.



# Seirbhísí Uisce & Comhshaoil

## Oibriú Seirbhísí Uisce

Bhí Comhairle Contae Dhún na nGall freagrach as 34 Soláthar Poiblí Uisce (PSU) a oibriú ag freaStal ar phobal 136,579 duine in 2011. Táirgeadh corradh le 24.5 agus 23.5 milliún méadar ciúbach d'uisce óil in 2011 agus 2012 faoi seach ó na scéimeanna poiblí (an Chomhairle Contae) a oibrítear. Chomh maith leis sin cheannaigh an Chomhairle 76,054 (2011) agus 93,405 (2012) méadar ciúbach ó Uisce Thuaisceart Éireann. Tá chóir a bheith 66,000 nasc tí le príomhphíobáin sa chontae (ón Chlár Suirbhéireachta ar Mhéadair Uisce Tí). Aithníodh 10,600 nasc tráchtála le haghaidh billeála ag deireadh 2012, a bhfuil méadar in 9,300 acu.

### Méadair chiúbacha d'uisce óil atáirgeadh in 2011 agus 2012

	2011	2012
Toghcheantar Inis Eoghain	5,746,839	5,683,958
Toghcheantar Dhún na nGall	6,080,883	5,448,022
Toghcheantar na nGleannta	4,347,955	4,184,623
Toghcheantar Leitir Ceanainn	5,530,710	5,348,302
Toghcheantar Shrath an Urláir	2,944,091	2,918,158
	<b>24,650,478</b>	<b>23,583,063</b>

Léiríonn an laghdú bliain i ndiaidh na bliana go bhfuil laghdú ar ráchairt tomhaltóirí ar uisce agus na hiarrachtaí dearfacha Caomhnú Uisce atá an Chomhairle a dhéanamh le tamall de bhlianta.

### Infreastruchtúr Seirbhísí Uisce/ Dramhuisce

Baintear uisce as 88 foinse ar leith uisce ar fud an Chontae agus seachadtar ar thomhaltóirí é trí scéimeanna soláthar uisce poiblí agus grúpscéimeanna poiblí mar seo a leanas:-

- 34 Soláthar Poiblí Uisce (SPU) – á n-oibriú ag CCDG
- 7 GSU– uisce á sholáthar ag CCDG, gréasán píobán á bhainistiú ag
- Grúpa

Chomh maith leis sin tá soláthairtí suntasacha príobháideacha uisce mar seo a leanas:-

- 4 GSU Phríobháideacha á sholáthar ag an ghrúpa–
- 7 Soláthar bheaga príobháideacha

Faigheann an chuid eile de thomhaltóirí a gcuid uisce ó thobreacha príobháideacha.

### Cáilíocht an Uisce agus Rialú ar Thruailliú

Is í an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) an t-údarás maoirseachta don Chomhairle maidir le seirbhísí uisce a oibrítear go poiblí.

Déanann an Clár Monatóireachta ar Uisce Óil monatóireacht ar sholáthairtí poiblí agus soláthairtí príobháideacha. Is iad an Chomhairle agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a chuireann an clár i bhfeidhm agus imríonn idir an FSS, an Chomhairle agus saotharlanna seachtracha ról. Foilsíonn an GCC tuairisc bhliantúil ar cháilíocht an uisce óil, bunaithe ar thorthaí Chlár Monatóireachta an Chontae. Bhí na leibhéil chomhlíontachta mhicribitheolaíochta i Soláthairtí Uisce Poiblí ag 99.5% in 2011 agus 100% in 2012. Ba é 99.4% na leibhéil chomhlíontachta cheimiceán in 2011 agus 99.2% in 2012.

Is mar gheall ar an fheabhas ar rialú díghalraithe agus ar mhonatóireacht ar chlóirín iarmharach is mó a tháinig feabhas leanúnach ar thorthaí micribitheolaíochta. Tá obair ar siúl i gcónaí maidir leis sin ar gach Soláthar Uisce Poiblí.

In 2011, baineadh trí sholáthar uisce poiblí ón Liosta Beartaíocht Cheartaitheach (Baile an tSratha, na Cealla Beaga agus Réigiún na Rosann) mar gheall ar chur i gcrích na n-oibreanna riachtanacha ceartaitheacha i sásamh an GCC agus níor cuireadh tuilleadh isteach.

Thug GCC ocht dTreoir do Chomhairle Contae Dhún na nGall le linn 2011, (Leitir Ceanainn, Baile na Finne, an Caiseal Ard, Béal Átha Seanaidh, Gortan Choirc /an Fál Carrach, Ráth Maoláin, an Caisleán Glas agus Port Nua /an Fheartainn) mar gheall ar shárúithe Tríhailiméatáin agus cionn is gur cuireadh isteach plean gníomhaíochta nach raibh sásúil. Lean an Chomhairle leis an obair le GCC ag tabhairt faoin obair chéanna le linn natréimhse sin.

## Sceitheadh dramhuisce/ Ceadúnú

In 2011 agus 2012 leanadh den phróiseas ag an GCC gach sceitheadh dramhuisce bardais sa stát a údarú trí cheadúnas nó teastas cláraithe. Faoi dheireadh 2012, san iomlán táthar i ndiaidh seacht gceadúnas déag a cheadú maidir le monarchana sna háiteanna seo Leitir Ceanainn, na Cealla Beaga, Béal Atha Seanaidh, Bun Dobhráin, Baile Dhún na nGall, Bealach Féich/Srath an Urláir agus Carn Domhnach, Bun Cranncha, Baile na nGallóglach, Ráth Mealtain, na Dúnaibh, Ráth Bhoth, an Clochán Liath, na Gleannta, Leifear, Conmhaigh agus Cill Mhic Réanáin.

Tá Comhairle Contae Dhún na nGall ina comhpháirtí ar Thionscnamh ANSWER, a fhaigheann cuid dá mhaoiniú ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (ERDF) trí Chlár Trasteorann INTERREG IVA, atá á bhainistiú ag Comhlacht na gClár Speisialta AE (SEUPB). Is é an cuspóir atá ag an chlár fianaise eolaíochta a sholáthar ar a éifeachtaí agus a inbhuanaithe atá sé saileach roschoill ghearruainíochta (SRC), le heisileadh orgánach (sceitheadh dramhuisce) ar bith a chóireáil. Baileoidh na heagraíochtaí eolaíochta atá páirteach (an Institiúid Agraibhia agus Eolaíochtaí Bitheacha, Teagasc agus Institiúid Teicneolaíochta Shligigh) na sonraí ó na suíomhanna trialach. Cuideoidh na sonraí sin le lucht déanta beartas, le rialtóirí agus le daoine a d'fhéadfadh úsáid a bhaint as fearas teicneolaíochta.

## Seirbhísí Uisce Cláir Caipitil

### Clár Infheistíochta na Seirbhísí Uisce

- Cuireadh i gcrích an tógáil ar Scéim Séarachais na gCealla Beaga, uimhir chonartha 2 –bailiúchán tionsclaíoch agus sruth éalaithe domhainfharraige in 2011.
- Cuireadh i gcrích an tógáil ar Scéim Séarachais Laghey in 2011.
- Cuireadh tús ar thógáil Scéim Séarachais Leitir Ceanainn a dheardh, a thógáil agus a oibriú in 2011 agus cuireadh tús leis an bhall nua don mhonarcha cóireáilte dramhuisce in 2012.
- Cuireadh i gcrích an obair ar athsholáthar píobán ar ghréasán Mhachaire

Rabhartaigh(SSU an Fháil Charraigh/Ghort an Choirce), bhí dul chun cinn mór déanta maidir le gréasáin SU Réigiúnach na Rosann agus Soláthar Uisce na bhFrosa, agus ar ghréasán Sholáthar Uisce Loch Moirne in 2012.

- Iarradh tairiscintí do chonradh scéim Séarachais an Chlocháin Léith/na nGleannta a dheardh, a thógáil agus a oibriú in 2012.

## Bainistíocht Dramhaíola

### Diúscairt Dramhaíola

I mí Iúil 2012 druideadh an líonadh talún a bhí á oibriú ag an Chomhairle i mBaile na Carraige, Baile an tSratha. Ó shin i leith tá an Chomhairle ag déanamh monatóireachta ar gach suíomh líonadh talún dá cuid atá druidte le cloí le riachtanais GCC. Is é an rud a bhí i gceist leis sin sampláil rialta agus tástáil ar astúcháin aeir, screamhuisce, uisce dromchla agus láisteáit.

### Athchúrsáil Dramhaíola

Lean an tOifigeach Athchúrsáil Dramhaíola de mhéadú ráta athchúrsáil dramhaíol tí an Chontae go dtí os cionn 25%, agus bailíodh 5,123 tonna d'ábhair in-athchúrsáilte ag Lárionaid Athchúrsála, ag ionaid fág anseo agus ionaid bheaga bhuana bailiúcháin eile i rith na bliana. D'oibrigh Bryson Recycling Limited trí cinn de na sé Lárionad Athchúrsála go príobháideach ó 1ú Eanáir 2012. Bítear ag tabhairt cuid mhór ábhair in-athchúrsáilte go dtí gach ceann de na sé shuíomh. Cuireadh imeachtaí eile bailiúcháin 'mír aníos' ar fáil ar fud an chontae, ina measc Árainn Mhór agus Toraigh, d'Fhearas Dramhaíola Leictreach agus Leictreonach, cadhnraí, fuíollábhair chontúirteacha, crainn Nollag, etc. Tugtar fóirdheontais i rith an ama d'aonaid mhuiriniú tí agus tugann siad deis le húsáid a bhaint as fuíollábhair in-bhithmhíllte tí.

### Rialú

Thug an Chomhairle amach dhá Chead Bailithe Dramhaíle (CBD) agus chomh maith leis sin rinne siad Athbhreithniú in 2011 ar 43 CBD atá ann faoi láthair. Ó mhí Feabhra





Dramhaíola, 1996 agus áiríonn na dualgais imscrúdú a dhéanamh ar chásanna ina dtarlaíonn dumpáil neamhdhleathach, fíneálacha ar an láthair a ghearradh agus rabhaidh scríofa do chionta caitheamh bruscair.

Cuireadh tús le faireachas rúnda ceamara i ngach ceantar in 2011 agus cuireadh leis arís le trealamh breise in 2012 rud ar éirigh go maith leis tabhairt faoi dhumpáil /caitheamh neamhdhleathach bruscair, go háirithe i gceantair iargúlta.

## Tránna Brait Ghoirm

Tugadh 12 Ghradam Brait Ghoirm do Dhún na nGall in 2011 aus 13 Ghradam Brait Ghoirm in 2012 mar seo a leanas:

Muirbheach	Magherawarden (Port an tSalainn)	Lios Feannáin
Trá na Cille	Cnoc an Mharmair	An tSrúibh
Fionn Trá	Ros Neamhlach	Bun Dobhráin
An Charraig Fhinn na Dúnaibh	An Fheartainn	Cúil Dabhcha

Níor stad an Chomhairle de bheith ag déanamh infheistíocht shuntasach le go gcoinneofaí na Brait Ghorma ag na tránna sin in 2011 / 2012. Is é an rud atá i gceist sampláil uisce, caomhnú trá, comharthaíocht agus fostú gardaí tarrthála.

## Sábháilteacht san Uisce

D'éirigh leis an Oifigeach Forbartha um Shábháilteacht san Uisce iniúchtaí Sláinte agus Sábháilteacht a chur i gcrích ar mhórán dár gcuid tránna. Fostaíodh gardaí tarrthála ar gach Trá Brait Ghoirm, agus fosta ar thrá Ráth Maoláin agus trána nDúnaibh, le linn shéasúr an tsnámha. Bítear ag soláthar trealamh tarrthála i gcónaí ar gach trá, nuair is gá. Chomh maith leis sin, tugtar cuidiú airgid go ghrúpaí cuardach agus tarrtháil sa chontae. Daingníodh caidrimh oibre le Garda Cóstá na hÉireann le feabhas a chur ar shábháilteacht san uisce feadh an chósta.

## Seirbhísí Tréadliachta

### Táirgeadh Bia

Ag obair di faoi CHonradh Seirbhíse le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann,

déanann an Chomhairle maoirseacht ar áitribh bhia, lena n-áirítear áitribh feoil dhearg agus áitribh éineolathe. Sula maraítear ainmhithe agus sula gcuirtear an fheoil ar an mhargadh, déanann Cigire Tréadliachta scrúdú ar gach ainmhí atá le marú i seamlais feoil dhearg ar mhaithe le bia a sholáthar do dhaoine. Glacadh céad agus fiche adó sampla in 2011 agus glacadh 189 sampla in 2012 mar chuid den chlár oifigiúil rialúcháin.

### Rialú madraí

Tá Oibrí Conchró amháin fostaithe ag an Chomhairle agus, i gcomhar le Cumann na hÉireann ar Fhóirithint ar Ainmhithe, dhá mhaor madraí. Osclaíodh an póna madraí ag Glencar Scotch, Leitir Ceanainn, sé lá sa tseachtain agus bhí 869 madra faoina gcúram in 2011 agus 771 in 2012. Scrúdaítear gach madra a théann isteach san Fhoscadán Madraí le fianaise ar úinéireacht a fháil agus scantar iad ar lorg micrishienseanna. In 2011, éilíodh 377 madra ar ais nó fuair siad áit chónaí nua agus éilíodh 373 ar ais nó fuair siad áit chónaí nua in 2012.



In 2011 agus 2012 eisíodh 7388 ceadúnas agus 6966 ceadúnas faoi seach. Tugadh isteach ais ar líne in 2011 le ceadúnais mhadraí a cheannach.

Nuair a tháinig forálacha an Achta um Bunachais Pórúcháin Madraí 2010 i bhfeidhm ar 1ú Eanáir 2012, ardaíodh an costas ar cheadúnas madra amháin ó €12.70 go €20.00 agus ardaíodh an costas ar cheadúnas ginearálta madra go €400.00.

## Cosaint Shibhialta

### Foireann agus Ballraíocht

Tá oifigeach lánaimseartha amháin ann agus is oibrithe deonacha iad an chuid eile den fhoireann.

Foireann	Oibrithe Deonacha
1 Oifigeach Lánaimseartha (Oifigeach Cosanta Sibhialta)	109 oibrí deonach - 59 fireann, 50 bainneann
	Oibrithe Nua – 2 Dul ar Scor – 3 Socruithe Coláiste / Oibre - 9

### Freagairt Éigeandála

Tá Cosaint Shibhialta i rith an ama ag tabhairt tacaíochta do na bunghníomhaireachtaí freagartha le Pleanáil Móréigeandála.

- ▶ Tá Cosaint Shibhialta i rith an ama ag tabhairt an chuidithe seo a leanas do Sheirbhís Otharchairr agus Seirbhís Tacaíocht Pobail an FSS le linn tréimhsí d'fhíor-dhrochaimsir:
  - Othair a thógáil ó otharchairr a d'imigh ón bhóthar.
  - Otharchairr a tharraingt as an tsneachta agus dochtúirí agus banaltraí a thógáil lena dtabhairt chuig scairteanna amach chuig othair atá gafa sa teach.
  - 'Béilí ar Rothaí' a sheachadadh chuig bailte beaga iargúlta.
  - Cógais a sheachadadh chuig othair atá gafa sa teach.



- ▶ Chuidigh Cosaint Shibhialta Dhún na nGall le Seirbhís Dóiteáin Dhún na nGall le dul i ngleic le falscáithe ar fud Dhún na nGall le linn Earrach 2011, nuair a úsáideadh Comhraiceoirí Tine Cúnta na Cosanta Sibhialta.
- ▶ Chuidigh Cosaint Shibhialta leis an Gharda Síochána, le Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (SPTÉ) agus le pobail áitiúla ar lorg daoine a bhí ar iarraidh.

## Cúnamh Neamh-Éigeandála Pobail

Lean an tseirbhís don phobal ar aghaidh le cúidiú a tugadh do réimse leathan d'imeachtaí pobail:

Líon na nImeachtaí Pobail	Seirbhís a Tugadh	Cineál Imeachtaí	Uaireanta Deonacha
59	Maoirseacht Otharcharr & Garchabhair Trácht Bainistiú Sábháilteacht in Uisce Smachtú Gráscar	Féilte Pobail Laethanta Aonaigh, Socruithe Spóirt Rásaí Raftaí	1650

## Babhtáí Ceannais Náisiúnta 2011

Bhí Dún na nGall mar ionadaí don réigiún i mbabhtáí ceannais náisiúnta na Cosanta Sibhialta i gCo. Ros Comáin. Ba í an ócáid sin buaicphointe na gcomórtas an bhliain sin do 6,000 oibrí deonach. Bhí foirne as Gaillimh, Dún na nGall, Sligeach, Maigh Eo agus Liatroim san iomaíocht sabhabhta ceannais a reáchtáil ag Rásraon Ros Comáin.

I measc na ndúshlán ón fhíorshaol, a mhair i rith an lae, b'éigean garchabhair a thabhairt do dhaoine gortaithe, solás a thabhairt do dhaoine a d'fhulaing tráma, déileáil le tollán a thit isteach; agus bhí tástálacha sna meáin chumarsáide, i léamh léarscáileanna agus in eachtraí aslonnuithe. Ba iad Contae na Gaillimhe na Buaitheoirí Náisiúnta sa deireadh agus bhí Dún na nGall sa 2ú háit.

## Coiste um Polasaí Straitéiseach Uisce & Comhshaoil

Tháinig an coiste le chéile ar thrí ócáid in 2011 agus ar chúig ócáid in 2012. Ar 28ú Feabhra 2011 ghlac an Chomhairle le Fodhlíthe (Srianadh ar Chapail) Chomhairle Contae Dhún na nGall agus tháinig siad in éifeacht ar 30ú Márta 2011.

### Membership

#### Councillor

Clr. Nollaig Mac Giolla Bhríde  
Clr. Máirtín Ó hEaraile  
Clr. Ciarán Ó Brógáin  
Clr. Pádraig Mac Gabhann  
Clr. Rena Nic Dhonnchaidh  
Clr. Séamus Ó Domhnaill  
Clr. Franc Mc Briartaigh  
Clr. Mick Ó Coinn

#### Sectoral

Ms. Michelle Ní Aodha  
an tUas. Pádraig Ó Ceallaigh  
an tUas. Micheál Buíteach  
an tUas. Brian Ó Brógáin  
an tUas. Micheál Ó Ciara





# An Stiúrthóireacht Airgeadais agus Seirbhísí Éigeandála

## Airgeadas

---

Ullmhaíonn an Chomhairle a cuntais bhliantúla (Ráiteas Airgeadais Bliantúil) ar aon dul le prionsabail na cuntasáíochta fabhsaithe agus de réir threoracha agus chaighdeáin na Roinne.

Féachann an Chomhairle le gach gné dá cúrsaí airgeadais a bhainistiú ar mhaithe leis an tairbhe is mó dá custaiméirí. Is é atá i gceist leis seo bainistiú docht buiséid ar gach cuntas Caipitil agus loncaim, aird ar leith ar bhainistiú airgead tirim, deontais agus íocaíochtaí a tharraingt as an Rialtas Láir san áireamh, agus na foinsí maoinithe roghnacha/breise seachtracha a mhéadú.

Is é €17,103,244 an t-easnamh carntha ar an Chuntas loncaim. I ndiaidh ocht mbliana de dhul chun cinn a dhéanamh i laghdú an iarmhéid, tharla glanmheathlú de thart fá €4.8m ar chúiseanna éagsúla: gan an méid a bhí i ndán ó Tháillí Uisce a thógáil (€1.3m), glandíscríobh Rátaí sa bhreis ar an soláthar (€1.8m), gan an méid a bhí i ndán ó inluchtaitheacht sheachtrach do bhaill foirne

agus do thograí a fháil (€2.9m) agus tearcchaiteachas i Seirbhísí Uisce (€1.2m).

Tá dul chun cinn suntasach déanta ar nithe a bhain leis an Chuntas Caipitil ón am atá thart. Cheadaigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil iasacht fhadtéarmach de €48.6m in 2010 le hiarmhéideanna neamhchistithe den mhéid chéanna a chistiú.


Cuireadh tús le hobair bhreise ar éifeachtúlachtaí in 2010, trí luach níos fearr a fháil de bharr fócas níos géire ar chúrsaí ceannaigh agus soláthair, agus é de chuspóir againn luach níos fearr ar airgead agus inacmhainneacht ghaolmhar a chruthú.

Glacadh le cur chuige tiomanta agus réamhghníomhach i dtaca le bainistiú fiach in 2011 nuair a bunaíodh an tAonad Bailithe loncaim, a d'oibrigh faoi lánacmhainneacht, a bheag nó a mhór, ó thús deireadh 2012. Léiríonn an cuntas buiséid i ndeireadh bliana in 2012 go raibh laghdú de €1.3m ar riarastí Rátaí, €0.5 ar riarastí Táillí Uisce agus méadú €2.3m ar an méid airgid a bailíodh i gcomparáid le 2011.

## Caipiteal


Príomh-Mhireanna - Caiteachas

	2011	2012
	€m	€m
Íocaíochtaí le Conraitheoirí	51.3	34.4
Ceannach Talaimh	2.7	1.5
Ceannach Sócmhainní/Trealaimh eile	1.0	1.3
Táillí Gairmiúla & Comhairliúcháin	5.2	4.1
Eile	8.1	16.7
<b>Iomlán</b>	<b>68.3</b>	<b>58.0</b>



Príomh-Mhireanna - Ioncam


	2011	2012
	€m	€m
Deontais	70.8	47.6
Iasachtaí Neamh-Mhorgáiste	32.4	26.2
Eile	5.8	7.4
<b>Iomlán</b>	<b>109.0</b>	<b>81.2</b>



## Ioncam


Príomh-mhíreanna Caiteachais

	2011	2012
	€m	€m
Costais Párolla	62.0	58.2
Costais Oibriúcháin	67.4	57.6
Táillí Iasachta	9.2	9.6
Costais Eile Neamhphá	14.6	14.8
<b>Iomlán</b>	<b>153.2</b>	<b>140.2</b>



Major Elements - Income

	2011	2012
	€m	€m
Deontais agus Fóirdheontais	51.3	40.3
Earraí agus seirbhísí	42.8	39.2
Ciste Rialtas Áitiúil	33.6	30.0
Rátaí	21.0	21.3
Táille Contae	2.9	2.9
Ranníocaíochtaí ó Údaráis Eile Áitiúla	1.9	1.7
<b>Iomlán</b>	<b>153.5</b>	<b>135.4</b>



## An tSeirbhís Dóiteáin

Tá Seirbhís Dóiteáin Dhún na nGall gníomhach i réimse leathan gníomhaíochtaí, idir ghníomhaíochtaí oibríochtúla agus ghníomhaíochtaí coiscthe dóiteáin, mar atá leagtha amach sa dá thábla thíos. Bhí laghdú de 22.5% ar ghníomhaíochtaí oibríochtúla le linn 2012 i gcomparáid le 2011. Tharla seo de bharr go raibh titim de 172 sa líon falsaicthe a bhí ann agus titim de 43 sa líon bréagscairteanna. In ainneoin an laghdaithe ar líon na n-eachtraí, leanann an tseirbhís

dóiteáin lena cláracha riachtanacha oiliúna agus oibre lena chinntiú go gcoinníonn sí an cumas a cuid freagrachtaí reachtúla i dtaca le cosaint phoiblí a chur i bhfeidhm. Leanann an rannóg coiscthe dóiteáin i mbun a cuid feidhmeanna sábháilteachta dóiteáin tríd na meicníochtaí seo; Deimhniú Sábháilteachta Dóiteáin, ceadúnú, scrúduithe agus comhairle a chur ar an Údarás Pleanála agus ar an phobal.

### Gníomhaíochtaí Oibríochtúla

Bliain	Tinte	Tionóisc Bhóithre	Seirbhísí Speisialta	Bréagscairteanna		Líon Iomlán na nEachtraí
				Mailíseach	Le Dea-thoil	
2012 (Dréacht)	660	104	15	17	94	890
2011	887	102	31	26	128	1148

### Gníomhaíochtaí Coiscthe Dóiteáin

Gníomhaíocht	2011	2012
Deimhnithe Sábháilteachta Dóiteáin	119	119
Ceadúnais le haghaidh Substaintí Contúirteacha	9	3
Iarratais Phleanála	196	221
Iníúchtaí	312	368
Bailíochtaí ó Iníúchtaí le haghaidh Deimhniú Sábháilteachta Dóiteáin	89	87

## Mór-Eachtraí

An líon tinte aitinn, agus méid na dtinte aitinn, a tharla sa dara cuid de mhí Aibreáin agus tús mhí na Bealtaine 2011, agus go háirithe le linn saoire bainc lá na Bealtaine an bhliain sin, níor tharla a leithéid de sin riamh i stair na Seirbhíse Dóiteáin i nDún na nGall. Mar gheall ar na tinte aitinn bhí ar bhriogáidí oibriú lasmuigh dá ngnáthréimse oibre, agus bhí gá le tacaíocht ón Aerchór, ón Arm, ó Chosaint Shibhialta, agus ó Sheirbhís Dóiteáin Aerfort an Charraig Fhinn. Cé nár tháinig aon chuid

den Chontae go huile is go hiomlán slán ó na tinte aitinn, ba iad na ceantacha is mó tinte ná thart fán Chlochán Liath, An Dúchoraidh, Ard an Rátha, An Mhucáis, Fánaid, Inis Eoghain agus Béal Átha Seanaidh. Thar thréimhse sé lá ón 30 Aibreán go dtí an 5 Bealtaine 2011, d'fhreastail an tSeirbhís Dóiteáin ar líon iomlán de 169 dtinte aitinn, an chuid is mó acu bhí níos mó ná briogáid amháin de dhíth orthu, agus mhair go leor acu ar feadh roinnt laethanta. Fad agus a bhí na tinte aitinn ar siúl bhí ar an tseirbhís dóiteáin a cumas chun an pobal a chosaint a choinneáil i bhfeidhm, agus a bheith in ann freastail ar iarratais ar chuidiú

i gcásanna eile nár thinte aitinn iad. Meastar gur dódh breis agus 550 heicteár d'fhoraois, a raibh cailteanas de thart fá €1,000,000 i gceist leis, chomh maith le hachair shubstaintiúla de thalamh portaigh. Chosain an oibríocht chomhraic dóiteáin seo €383,750.00 ar an tSeirbhís Dóiteáin. Go buíoch beannachtach, níor tharla na tinte aitinn ar dhóigh chomh forleathan ná ar feadh tamall chomh fada céanna in 2012, agus cuireadh as na tinte aitinn ar fad an bhliain sin laistigh d'acmhainní na Seirbhíse Dóiteáin, seachas dóiteán foraoise i nGleann Gheis ina raibh gá le cuidiú ón Aerchór.

Ghlac sé breis agus 12 uair an chloig leis an tine oíche san óstán tréigthe, Óstán an Iarnróid, i mBun Cranncha a mhúchadh ar an 21 Lúnasa 2012, agus bhí briogáidí ag troid ina éadan ó Bhun Cranncha, Charn Domhnach agus Leitir Ceanainn. Bhí an t-ardán hidrálach fíorthábhachtach sa troid i gcoinne na tine as siocair na bladhairí a bheith thart fá 30m in airde agus ní raibh na comhraiceoirí dóiteáin in ann dul isteach san fhoirgneamh ar chúiseanna sláinte agus sábháilteachta.

## Traenáil

Leanadh le cúrsaí traenála le linn na tréimhse seo leis na scileanna is déanaí atá riachtanach a thabhairt do na comhraiceoirí dóiteáin le cur ar a gcumas páirt ghníomhach a ghlacadh in oibríochtaí de chuid na Briogáide Dóiteáin ar bhonn sábháilte. San áireamh leis seo fuarthas traenáil ar an dóigh le gaireas anáilithe a úsáid, agus cúrsaí athnuachana ar iompar tine urrainne, a réachtáladh i nDún Dealgan agus i mBaile an Róba. Le linn Dheireadh Fómhair 2011 réachtáladh Cúrsa d'Earcaigh i Leitir Ceanainn le comhraiceoirí dóiteáin úra a thraenáil do na briogáidí éagsúla sa Chontae. Réachtáil Seirbhís Dóiteáin Dhún na nGall a céad chúrsa Fo-Oifigigh riamh le haghaidh Comhraiceoirí Dóiteáin / Tiománaithe i mí Dheireadh Fómhair 2012. Ba é cuspóir an chúrsa na scileanna riachtanacha a thabhairt do Chomhraiceoirí Dóiteáin / do Thiománaithe le go mbeidís in ann feidhmiú mar Cheannasaithe Teagmhais.

## Treoracha Caighdeánacha Oibríochta (TCOanna)

Tá na Treoracha Caighdeánacha Oibríochta a tugadh isteach in 2010 á soláthar do na briogáidí ar fud an Chontae go fóill. Is é is cuspóir leis na Treoracha ná cur le Sláinte, Sábháilteacht agus Leas na mball foirne sa tSeirbhís Dóiteáin, i seirbhísí eile agus i measc an phobail i gcoitinne i láthair eachtraí. Le himeacht ama, glacfaidh na Treoracha Caighdeánacha Oibríochta an áit a bhí ag 'Nósanna Imeachta na Briogáide agus Nósanna Imeachta Oibríochta'.

## Fearais Dóiteáin

Cuireadh Ardán Hidrálach úr ar fáil do Sheirbhís Dóiteáin Dhún na nGall in 2011. Tá an t-ardán lonnaithe i Stáisiún Dóiteáin Leitir Ceanainn agus cuireann sé tacaíocht aeir ar fáil do na briogáidí eile sa Chontae, ar iarratas. Tá roinnt gnéithe ag baint leis an ardán, ar nós soláthar forlíontach aeir agus córas cumarsáide ionsuite ó thalamh go hardán, a chuirfidh le cumas oibríochtúil an fhearais agus le sláinte agus sábháilteacht an chriú.

Thug an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil cead do roinnt Údarás Dóiteáin i Réigiún Iarthair CAMP gaireas dóiteáin amháin d'Aicme B a cheannach dá n-údarás féin. Ainmníodh Údarás Dóiteáin na Gaillimhe ina áisíneacht cheannasach don togra, agus bhí sé beartaithe an gaireas do Dhún na nGall a sholáthar in 2013.

Soláthraíodh Jíp úr den déanamh Nissan Navarra 4 x 4, agus é feistithe le cábán le haghaidh criú, do Bhriogáid Dóiteáin Bhun Cranncha. Úsáidfear an fheithicil seo, chomh maith le 11 fheithicil eile a ceannaíodh in 2010, chun tacú le hoibríochtaí na briogáide dóiteáin ag tionóisc bhóthair, tinte aitinn, eachtraí drochaimsire agus ag eachtraí eile ina bhfuil gá leis an bhriogáid dóiteáin.

## Gradaim fá choinne Seirbhís Fhada

---

Bhí ocht gcomhraiceoir dóiteáin as briogáidí éagsúla sa Chontae i dteideal na nGradam fá choinne Seirbhís Fhada le linn 2012. Rinneadh an bronnadh ag searmanas i mBaile Átha Cliath ar an 15 Samhain 2012.

## Comhthionscnaimh agus Comhoibriú Trasteorann

---

Leanann Seirbhís Dóiteáin Dhún na nGall agus Seirbhís Dóiteáin & Tarrthála Thuaisceart Éireann lena gcomhoibriú trasteorann trí chruinnithe agus dhíospóireachtaí rialta le nós imeachta oibríochta a fheabhsú i dtaca le comhfheastal ar tharlúintí.

## Togra Athrú Tiomána Trasteorann

---

Bhí Seirbhís Dóiteáin Dhún na nGall páirteach go gníomhach sa togra thuas i gcomhar le Seirbhísí Dóiteáin as an Chabhán, Liatroim, Muineachán agus Lú, chomh maith le Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Thuaisceart Éireann. Ba é an cuspóir a bhí ag an togra ná cur leis an chomhoibriú idir na seirbhísí dóiteáin go háirithe i dtaca le himbhualtí ar bhóithre agus rinneadh é seo trí roinnt cúrsaí comhroinnte ar imbhualtí ar bhóithre a réachtáladh in ionaid éagsúla ar an dá thaobh den teorainn. D'fhreastail comhraiceoirí dóiteáin ar na cúrsaí ó na seirbhísí dóiteáin éagsúla a bhí páirteach.

Bhí an togra dírithe ar dhalta iarbhunscoile chomh maith trí mheán an oideachais agus trí rannpháirtíocht ghníomhach i saincheisteanna éagsúla a bhain le sábháilteacht ar bhóithre.

Reáchtáladh roinnt cúrsaí le haghaidh 'An Chéad Fhreagróir Éigeandála' fosta mar chuid den togra agus d'fhreastail comhraiceoirí dóiteáin ó na seirbhísí dóiteáin a bhí páirteach.

## Feasacht Sábháilteachta Bóthair

---

Leanann an tSeirbhís Dóiteáin de bheith páirteach go gníomhach agus ag tabhairt tacaíochta do Mheitheal Sábháilteachta

Bóthair Dhún na nGall agus do na tograí atá déanta ag an Mheitheal le blianta anuas chun líon na n-imbhualtí ar bhóithre a laghdú, chomh maith le líon na ngortuithe agus na mbásanna.

## Seirbhís Dheonach Dóiteáin na nOileán

---

Leantar i rith na bliana le hoiliúint agus le trealamh comhrac dóiteáin a sholáthar in Árainn Mhór agus i dToraigh, áit a dtéann oifigigh ó Bhriogáidí Dóiteáin an Chlocháin Léith agus Ghaoth Dobhair ar cuairt go rialta le scileanna na gcomhraiceoirí deonacha dóiteáin a nuashonrú agus a chothabháil. Ghlac comhraiceoirí dóiteáin ó Árainn Mhór agus ó Thoraigh páirt in dhá cheann ar leith de Chúrsaí Athnuachana d'Earcaigh a réachtáladh in Árainn Mhór agus i Stáisiún Dóiteáin Ghaoth Dobhair.

## Bainistiú Mór-Éigeandála

---

Reáchtáil na Príomh-Áisíneachtaí Freagartha ó Mheitheal Réigiúnach an Iarthuaiscirt seimineár le haghaidh seirbhísí deonacha éigeandála i mBun Dobhráin ar an 2 Aibreán 2011. Is é an aidhm a bhí leis an seimineár ná cur leis na nascanna idir na Príomh-Áisíneachtaí Freagartha agus an Earnáil Dheonach agus iad a fheabhsú. Chuir na heagraíochtaí a bhí páirteach roinnt sainfheithiclí agus saintrealamh, a úsáideann a gcuid seirbhísí féin, ar taispeáint.

Reáchtáladh an ócáid thábhachtach 'Exercise White Horizon' san Ionad Comhordaithe Áitiúil, Leifear ar an 8 Samhain 2011. Bhí an cás bréagshamhlaithe bunaithe ar imbhualadh ar bhóthar i ndiaidh tréimhse fhada de shioc trom agus de shneachta trom ar fud an Chontae. Bhí comhoibriú idir na Príomh-Áisíneachtaí Freagartha agus áisíneachtaí eile ar an dá thaobh den teorainn.



# Onóracha Cathartha

## Gradam Iarbháis

---

Bhronn Comhairle Contae Dhún na nGall Gradam Iarbháis ar an Gharda Gary McLoughlin, nach maireann, ag searmanas speisialta i dTeach an Chontae, Leifear ar an 4 Bealtaine 2012.

Fuair an Garda McLoughlin bás agus é i mbun dualgais i mí na Nollag 2009, i ndiaidh do charr eile a bhí ag taisteal ar ardluas bualadh isteach sa charr patróil a bhí sé féin ag tiomáint i Lios Feannáin, An Bheart. Bhí an Garda McLoughlin 24 bliana d'aois.

Agus é ag caint thar ceann an teaghlaigh ag an searmanas dúirt Enda, deartháir mór leis an Garda McLoughlin, go raibh an gradam fíorluachmhar don teaghlach.

I láthair le teaghlach an Gharda McLoughlin, nach maireann, bhí Coimisinéir Cúnta an Gharda Síochána Kieran Kenny, Réigiún an Tuaiscirt; An tArd-Cheannfort James Sheridan, Oifigeach Gníomhach Roinne do Dhún na nGall; Ceannfort Kevin English, Oifigeach Ceantair Bhun Cranncha; Ceannfort William Johnstone, Ceannfort i mBun Cranncha ag an am a fuair an Garda McLoughlin bás;

comhleacaithe leis an Gharda McLoughlin as Bun Cranncha, agus ionadaithe eile ón Gharda Síochána.

Bhronn Méara Dhún na nGall, an Clr Nollaig Mac Giolla Bhríde macasamhail airgid choimisiúnaithe de shuaitheantas an chontae, déanta ag an dearthóir Geraldine Hannigan as Leitir Ceanainn agus é curtha ar chúla deartha ag Fionntán Gogarty, bhronn sé sin ar Bn Uas. McLoughlin.

Dúirt an Méara Mac Giolla Bhríde go bhfuair an Garda Gary McLoughlin bás agus é i mbun dualgais ag cosaint shaoránaigh an chontae seo, agus gur mhaith linne, i nDún na nGall, aitheantas agus ómós a thabhairt don tseirbhís a thug sé agus don íobairt a rinne sé.

Ba é seo an dara huair a bhronn an Chomhairle ómós iarbháis ar bhall den Gharda Síochána. Bhronn siad an t-ómós céanna ar an Gharda Robert McCallion, nach maireann, i mí Mheithimh 2010.

## Bronnadh Shaoirse an Chontae

---

Bronnadh an gradam is airde sa chontae ar laoch an cheoil Daniel O'Donnell ag

Searmanas Cathartha a reáchtáladh ina onóir i dTeach an Chontae, Leifear ar an 22 Meitheamh 2012.

